| **Éisteacht a fháil** | ❱ Rannpháirtíocht i bhFoghrúpa Forfheidhmithe CCEFI, lena n-áirítear glaonna comhdhála tréimhsiúla agus cur i láthair ag cruinnithe foghrúpa agus láithreoireachtaí ar fhorfheidhmiú do chomhaltaí CCEFI.<br>❱ Glacadh páirt i bhfoghrúpa forfheidhmithe IFIAR agus rinneadh modhnóireacht agus cur i láthair ag comhdhálacha idirnáisiúnta<br>❱ Rannpháirtíocht in imeachtaí páirtithe leasmhara |

Caibidil
7

# Seirbhísí Corparáideacha



## 1. Príomhfheidhmeanna

Seirbhísí Corparáideacha:

- soláthraíonn seirbhísí corparáideacha do ÚMICÉ, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais, seirbhísí acmhainní daonna, seirbhísí agus bainistíocht saoráidí
- soláthraíonn rúnaíocht don bhord agus do choistí áirithe de chuid an bhoird
- déanann maoirseacht ar phróiseas bainistíochta riosca ÚMICÉ

## 2. Forbairtí suntasacha

I rith na bliana, d'éirigh le ÚMICÉ a chuid oibleagáidí reachtúla go léir a chomhlíonadh, mar aon lena chuid oibleagáidí a bhí sainordaithe leis an gCód a chomhlíonadh in am nó roimh am. Sonraítear na hoibleagáidí seo sa tuarascáil seo, sa chaibidil a bhaineann le rialachas agus struchtúr (Caibidil 9) agus sna ráitis airgeadais go príomha.

Chríochnaigh ÚMICÉ a chomhdhlúthú isteach ar urlár amháin i mí Mheán Fómhair, rud a laghdaigh a spás urláir faoi 50% agus a chostais agus a thionchair ar an gcomhshaoil dá bharr sin. Mar chuid den tionscadal seo, d'aistrigh ÚMICÉ go hiomlán chuig córas teileafóin fíorúil , a chuireann áis chumarsáide líne dhírigh ar fáil do gach ball foirne, beag beann ar a suíomh chomh maith le sealaíocht deisce a éascú dóibh siúd san oifig. Cé go bhfuil tuilleadh oibreacha ar cuireadh ainm leo go luath in 2024 fós gan déanamh mar gheall ar mhoilleanna laistigh d'Oifig na nOibreacha Poiblí, tá spás oibre compordach agus éifeachtúil curtha ar fáil ag an aonad.

Thug an t-aistriú an deis chomh maith athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonneagar TFC, a cuireadh ar bun roimhe seo in dhá sheomra cumarsáide ar leith. Rinneadh athruithe gan nascacht a chailleadh d'úsáideoirí, agus rinneadh measúnú seachtrach orthu.

Tar éis na himirce iomláin chuig a phacáiste nua cuntas in 2024, rinne ÚMICÉ athbhreithniú agus nuashonrú ar a nósanna imeachta airgeadais chun an leas is fearr a bhaint as na buntáistí a bhaineann le pacáiste saincheaptha. Bhreithnigh an t-athbhreithniú seo laghdú ar an ualach laistigh den aonad agus ar fud na heagraíochta araon.

Breithníodh athruithe ar an mbunreacht corparáideach (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais roimhe seo), le ceadú an Aire, ag comhaltaí na cuideachta ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil, agus ceadaíodh go cuí iad.

## 3. Aird ar Thaisteal agus Cothú

Tá fostaithe agus stiúrthóirí ÚMICÉ i dteideal costais taistil agus chothaithe a éileamh de réir rialacha na státseirbhíse agus faoi réir nósanna imeachta mionsonraithe ÚMICÉ. Tá an próiseas in ÚMICÉ go hiomlán gan pháipéar agus déantar é a bhainistiú ar líne. Le linn na bliana, rinne an t-aonad tairseach taistil a fhorbairt do gach úsáideoir, taistealaithe rialta agus taistealaithe ar uairibh araon. Soláthraíonn an tairseach rochtain ar chiorcláin ábhartha agus ar threoir inmheánach, mar aon le físeáin oiliúna le haghaidh taistil intíre agus thar lear. Ina theannta sin, tá an tsaoráid áirithinte aerthaistil, rochtain ar éilimh daoine aonair roimhe seo, agus rochtain do bhainisteoirí líne ar éilimh tuarascálacha a dhíriú le fáil ar an tairseach chomh maith. Deimhníonn

bainisteoirí líne gach éileamh sula gcuirtear faoi bhráid Seirbhísí Corparáideacha iad lena chinntiú go dtagann éilimh faoi réim nósanna imeachta taistil agus cothabhála ÚMICÉ, agus soláthraíonn sé seo sraith bhreise de rialú agus maoirseacht airgeadais.

## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Scaipeadh an dea-chleachtais** | › Rinneadh an Tuarascáil Bhliantúil reachtúil a sheachadadh<br>› Cuireadh gach tuarascáil faoi shainordú faoi bhráid an Aire laistigh de sprioc-amanna reachtúla |
| **Úsáid éifeachtúil ár n-acmhainní airgeadais a áirithiú** | › Clár Caiteachais Críochnaithe (an buiséad), ag fáil ghlacadh an bhoird agus fhaomhadh an Aire<br>› Bhí toradh rathúil ar athbhreithniú a rinne iniúchóirí inmheánacha agus iniúchóirí seachtracha ar chórais rialaithe inmheánaigh<br>› Toradh rathúil ar iniúchtaí inmheánacha ar phróisis phárolla & AD agus Luach ar Airgead |
| **Éisteacht a fháil** | › Bainistíodh gach cumarsáid le hiriseoirí agus le hionadaithe poiblí<br>› Leanadh den chaidreamh láidir, éifeachtach le haonad idirchaidrimh na Roinne |
| **Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú** | › Rinneadh bonneagar TFC a chothabháil agus a fheabhsú trí infheistíocht agus tástáil láidir<br>› Rinneadh maoirseacht ar an gcomhdhlúthú go hurlár amháin<br>› Cuireadh córas teileafóin fíorúil i bhfeidhm<br>› Dearadh agus cuireadh i bhfeidhm tairseach taistil láraithe<br>› Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar gach nós imeachta airgeadais |
| **Nuálaíocht** | › Dearadh agus cuireadh i bhfeidhm tairseach taistil nua, físeáin oiliúna intí san áireamh<br>› Rinneadh próisis a nuashonrú d'fhonn tascanna a laghdú gan tionchar a imirt ar stóinseacht nósanna imeachta |

Caibidil 8

# Forbairt Eagraíochtúil



## 1. Príomhfheidhmeanna

Forbairt Eagraíochtúil:

- a thacaíonn le tionscnaimh daoine, cultúir agus nuálaíochta ÚMICÉ
- a dhéanann maoirseacht ar bheartais, ar phróisis agus ar thacaíochtaí fostaithe maidir le hacmhainní daonna
- a bhainistíonn láithreacht meán sóisialta agus cumarsáid inmheánach ÚMICÉ

## 2. Forbairtí suntasacha

In 2025, chuir Forbairt Eagraíochta clár leathan oibre ar fáil a bhí dírithe ar chultúr, cumas inmheánach agus cumarsáid ÚMICÉ a fheabhsú. Béim ar leith a leagadh i rith na bliana ab ea tacú le dhá athbhreithniú eagraíochtúla shuntasacha: clár oibre nua ÚMICÉ a fhorbairt agus Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta a chur i gcrích.

Rinne Forbairt Eagraíochtúil comhordú ar thabhairt chun críche Chlár Oibre ÚMICÉ 2026-2028, ag éascú ionchuir ón mBord, ón bhFoireann Ceannaireachta, agus ón bhfoireann níos leithne, ag tacú leis an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, agus ag bainistiú dhréachtú an doiciméid deiridh. Soláthraíonn an clár a eascraíonn as sin treochlár soiléir chun tosaíochtaí reachtúla agus straitéiseacha ÚMICÉ a bhaint amach.

Thacaigh an t-aonad chomh maith le rannpháirtíocht ÚMICÉ leis an Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil, iarratais ar fhaisnéis a bhainistiú, freagairtí inmheánacha a chomhordú, tacú le rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, agus cur le measúnú an athbhreithnithe ar rialachas agus acmhainn ÚMICÉ.

Chomh maith leis an obair sin, lean Forbairt Eagraíochtúil ag forbairt lorg cumarsáide seachtraí ÚMICÉ. Sheolamar ceithre eipeasóid den phodchraoladh 'IAASA Insights', leathnaíomar rochtain lucht leanta na meán sóisialta de chuid ÚMICÉ, chuireamar próisis fheabhsaithe foilseacháin ar fáil, agus chuireamar Tuarascáil Bhliantúil fheabhsaithe 'tús áite don digitiú' ar fáil. Go hinmheánach, d'eagraigh Forbairt Eagraíochtúil ceithre Lá Uile-Fhoirne, chríochnaigh sí an ceathrú suirbhé bliantúil folláine agus rannpháirtíochta, agus thacaigh sí leis na coistí folláine, sóisialta agus glasa. Aistríodh an fheidhm acmhainní daonna chuig Forbairt Eagraíochtúil i rith na bliana, agus rinneadh athbhreithniú ina dhiaidh sin ar an mbeartas oibre cumaisc.

## 3. Aird ar Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil na Roinne ar ÚMICÉ

Le linn 2025, thug an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (RFTF) faoi Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar ÚMICÉ de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú. Scrúdaigh an tAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil sainordú, feidhmíocht agus cumas eagraíochtúil ÚMICÉ. Bhí Aonad Sonraí agus Meastóireachta RFTF i gceannas ar an athbhreithniú le maoirseacht ó ghrúpa oibre ina raibh ionadaithe RFTF, ÚMICÉ agus RCPA.

Bailíodh fianaise trí thaighde deascbhunaithe, trí athbhreithniú ar fhoilseacháin agus ar dhoiciméid ÚMICÉ, trí chomhairliúcháin le bord agus le foireann ÚMICÉ, agus trí theagmháil le príomhpháirtithe leasmhara, ag cur le léargais ó shuirbhé ÚMICÉ ar dhearcadh páirtithe leasmhara 2023.

Ar an iomlán, tháinig an tuarascáil deiridh ar an Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar an gconclúid go bhfuil ÚMICÉ ag feidhmiú go maith, go meastar go forleathan é mar rialtóir éifeachtach agus gairmiúil, agus go bhfuil rialachas agus cumas láidir aige a shainordú reachtúil a chomhlíonadh. Thacaigh páirtithe leasmhara le ÚMICÉ a choinneáil mar ghníomhaireacht neamhspleách agus leithleach le sainordú soiléir, dírithe, agus ní dhearna an tAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil aon mholadh maidir le cuíchóiriú nó comhdhlúthú.

Leagadh amach sa tuarascáil chomh maith moltaí spriocdhírithe chun tacú le feabhsú leanúnach, lena n-áirítear maidir le rannpháirtíocht CSRD, ailíniú caighdeán, inrochtaineacht ar shuíomhanna gréasáin, pleanáil rialachais agus breithnithe fórsa saothair. Déanfaidh bord ÚMICÉ monatóireacht ghníomhach ar dhul chun cinn orthu sin i rith 2026.

## 4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

| Straitéisí an phlean gnó | Torthaí |
|---|---|
| **Éisteacht a fháil** | › Seoladh an podchraoladh 'IAASA Insights' agus foilsíodh ceithre eipeasóid in 2025<br>› Chomhóstáladh seimineár gréasáin le Cumann Cuntasaíochta agus Airgeadais na hÉireann ar thuairisciú Sciar I CSRD in Éirinn<br>› Rinneadh láithreacht ÚMICÉ ar LinkedIn a bhainistiú |
| **Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú** | › Rinneadh forbairt Chlár Oibre ÚMICÉ 2026-2028 a chomhordú<br>› Tacaíodh le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil na Roinne ar ÚMICÉ<br>› Óstáladh ceithre lá uile-fhoirne ÚMICÉ<br>› Rinneadh an ceathrú suirbhé ar fholláine agus rannpháirtíocht fostaithe de chuid ÚMICÉ<br>› Oiliúint eagraithe ar dhínit ag an obair agus ar cheannaireacht aeráide<br>› Dréachtaíodh Treochlár ÚMICÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2025<br>› Nósanna imeachta nua maidir le suíomh gréasáin a fhoilsiú curtha i bhfeidhm<br>› Athbhreithniú déanta ar bheartas oibre cumaisc ÚMICÉ<br>› Bainistiú déanta ar aistriú na bhfreagrachtaí maidir le hacmhainní daonna |
| **Nuálaíocht** | › An chéad tuarascáil bhliantúil dhigiteach a sheachadadh agus podchraoladh nua a sheoladh<br>› Tacaíodh le tionscnaimh de chuid an choiste foirne a bhaineann le folláine, an clár oibre glas, agus gníomhaíochtaí sóisialta |

Caibidil
9

# Rialachas agus Struchtúr



## Struchtúr dlí

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é ÚMICÉ leis na naoi gcomhalta seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2025:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte*
- Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta*
- Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta*
- Institiúid Cairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta*
- Banc Ceannais na hÉireann
- An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn*
- Stocmhalartán na hÉireann
- Na Coimisinéirí Ioncaim

* CCF

## Struchtúr eagraíochtúil

Faoi dheireadh na bliana, bhí 35.9 ball foirne coibhéiseach lánaimseartha in ÚMICÉ (2024: 35.9), agus iad roinnte ina seacht n-aonad mar seo a leanas:

- Déanann **Maoirseacht ar Cháilíocht Dearbhaithe** cigireacht ar cháilíocht iniúchtaí agus gealltanais dearbhaithe inbhuanaitheachta ELPanna
- Déanann **Maoirseacht um Thuairisciú Corparáideach** scrúdú ar thuarascálacha eintiteas ar leith le fáil amach an bhfuil siad i gcomhréir leis an gcreat ábhartha tuairiscithe Corparáideach;
- Déanann **Maoirseacht ar Chomhlachtaí Gairmiúla** maoirseacht ar rialáil CCFanna ar a gcomhaltaí
- Déanann **Caighdeáin & Beartas** caighdeáin iniúchóireachta agus treoir a ghlacadh in Éirinn
- Déanann **Forbairt Eagraíochtúil** maoirseacht ar thionscnaimh daoine agus cultúir, acmhainní daonna, nuálaíocht, meáin shóisialta agus cumarsáid inmheánach ÚMICÉ, agus coistí faoi stiúir na foirne
- Tugann **Forfheidhmiú** faoi imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla an Údaráis
- Soláthraíonn **Seirbhísí Corparáideacha** tacaíocht airgeadais, riaracháin, TFC agus bainistíocht saoráidí do ÚMICÉ, agus rúnaíocht don bhord agus do choistí ar bith atá ann.

## Líon formheasta na mball foirne

Éilíonn ÚMICÉ formheas ón Aire sula gcinnfidh sé a riachtanais foirne, lena n-áirítear líon, gráid, agus téarmaí fostaíochta. Éilíonn an ceadú seo toiliú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí & Digitiúcháin. Níor tháinig aon athrú ar an líon ceadaithe foirne in 2025. Tá comparáid idir leibhéil foirne ceadaithe agus leibhéil foirne iarbhír ag deireadh na bliana thíos le feiceáil thíos.

**Líonta foirne formheasta agus líon iarbhír i ndeireadh na bliana**

| Grád | Ceadaithe | Iarbhír |
|---|---|---|
| **Príomhfheidhmeannach** | 1 | 1 |
| **Cinn Feidhme** | 3 | 3 |
| **Bainisteoirí Sinsearacha** | 6 | 6 |
| **Cigirí agus Bainisteoirí Tionscadail** | 16 | 14 |
| **Lucht Feidhmiúcháin agus Riaracháin** | 16.5 | 11.9 |
| **Iomlán** | **42.5** | **35.9** |

## Cairt eagraíochta

Bhí struchtúr eagraíochtúil ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2025 mar a leagtar amach sa chairt eagraíochta thíos.



## Forléargas ar chúrsaí airgeadais

Den chuid is mó, maoinítear ÚMICÉ trí dheontas ón Státchiste, tobhach reachtúil ar na CCFanna, tobhach reachtúil ar ghnólachtaí a dhéanann iniúchóireacht ar ELPanna, agus trí tháillí a ghearradh as seirbhísí clárúcháin. Déantar na foinsí cistiúcháin uile a rialú le forálacha an Achta. Ina cháil mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, tugann ÚMICÉ ráitis airgeadais ar aird i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu dá réir agus taisceann leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí iad.

B'ionann an caiteachas iomlán in 2025 agus €5.7m (2024: €5.4m) ó bhuiséad €7.0m (2024: €6.3m). Ba iad na príomhéagsúlachtaí ón mbuiséad ná coigilteas i gcomhairleoireacht, ar suim theagmhasach é go príomha chun gur féidir leis an Údarás íoc as imscrúduithe agus fiosrúcháin reachtúla más gá; agus áitribh, i gcás nár leanadh ar aghaidh le hoibreacha pleanáilte ar an bhfoirgneamh.

## Rialachas

### Bord na Stiúrthóirí

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Ceapann an tAire iad ar bhonn ainmniúchán ó na heintitis sin a leagtar amach thíos. Is é an stiúrthóir eile an Príomhfheidhmeannach, arna cheapadh ag an mbord. Ní raibh aon fholúntais ar an mbord ag deireadh na bliana.

**Bord Stiúrthóirí— comhlachtaí ainmniúcháin**

| Comhlacht ainmniúcháin | Iarbhír |
|---|---|
| **Aire** | 2 |
| **CCFanna (i gcomhpháirt le chéile ar bhonn comhaontú)** | 2 |
| **Banc Ceannais na hÉireann** | 1 |
| **An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach** | 1 |
| **Stocmhalartán na hÉireann** | 1 |
| **Na Coimisinéirí Ioncaim** | 1 |
| **Iomlán** | **8** |

Triúr den ochtar stiúrthóirí sin ar a mhéad a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí de CCF.

## Beathaisnéisí na stiúrthóirí



Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin lánaimseartha neamhspleách í **Aisling Kennedy**, a fhónann ar bhord eintiteas seirbhíse airgeadais rialáilte in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta ag Everest Insurance Ireland Dac, Everest Management Agency Ltd, agus State Street Fund Services (Ireland) Ltd, ar an gCoiste Inbhuanaitheachta ag XPS Group, agus tá sí ina cathaoirleach ar ECCU Assurance agus MABS Support.



Thosaigh **Kevin Prendergast, an Príomhfheidhmeannach,** ag obair le ÚMICÉ i mí na Samhna 2016 tar éis a bheith ina Cheann Forfheidhmiúcháin leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Bhí sé fostaithe ag an Údarás sin ó 2005. Roimhe sin, bhí sé ag obair i Rannán na gCásanna Móra de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá taithí roinnt blianta aige san earnáil phríobháideach lena n-áirítear roinnt blianta a chaith sé ag obair i ngnólacht iniúchóireachta. Tar éis a théarma mar leaschathaoirleach, toghadh Kevin mar Chathaoirleach ar IFIAR i mí Aibreáin 2025. Is Comhalta é Kevin de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann. Tá Céim Baitsiléara agus Máistreacht aige sa Chuntasaíocht ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá Máistreacht san Eolaíocht aige freisin sa Cheannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh.



Is Príomhdhlíodóir í **Sandra Davey** i Rannóg Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim, a stiúrann an Fhoireann Cánacha Indíreacha agus an Oifig Roinne. Tá Máistir Dlíthe (LLM) ag Sandra i gCoireolaíocht agus Ceartas Coiriúil ó Scoil Eacnamaíochta Londan chomh maith le Baitsiléir Dlíthe (LLB) agus Baitsiléir sa Dlí Corparáideach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Cháiligh Sandra mar Aturnae in 2010 agus i ndiaidh di dul faoi oiliúint in obair cosanta coiriúla, d'oibrigh sí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit sular thosaigh sí ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2012.



Is Léachtóir le Cuntasaíocht í **Clodagh Hegarty** agus is Stiúrthóir Cúrsa í i Scoil Ghnó Ollscoil Uladh, Coláiste Mhic Aodha, áit a mbíonn sí ag tabhairt léachtaí go fairsing faoin tuairisciú iniúchóireachta agus airgeadais. Tá Baitsiléir Tráchtála aici ó Ollscoil na Gaillimhe agus Máistreacht Ealaíon sa Chuntasaíocht ó Ollscoil Uladh. Tá sí i mbun taighde faoi láthair ar nuálaíocht seirbhíse i gcleachtais chuntasaíochta bheaga agus mheánmhéide mar chuid dá PhD in Ollscoil Uladh. Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte í agus is Comhairleoir Cánach Cairte í. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Choiste CCDC in Éirinn. Sula ndeachaigh sí leis an saol acadúil, chaith Clodagh 15 bliana ag obair sa chleachtas le EY, Baile Átha Cliath agus sa chleachtadh ginearálta san Iar-Thuaisceart.



Is abhcóide é **David Hegarty** agus tá sé ina Stiúrthóir Dlí & Beartas san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Glaodh chun an Bharra é in 2006, agus é ag cleachtadh go príomha i réimse na cosanta coiriúla agus an dlí riaracháin. Sula ndeachaigh sé ag obair le ÚFC, bhí sé ina Abhcóide Comhairleach in Oifig an Chomhairleora Dlí Pharlaimintigh mar ar chuir sé comhairle ar Choimisiún agus Seirbhís Thithe an Oireachtais agus ar choistí parlaiminteacha ar ábhair a bhaineann leis an dlí bunreachtúil, an dlí parlaiminteach agus an dlí riaracháin. Bhíodh sé ag obair freisin mar oifigeach dlí i Misean an Aontais Eorpaigh um Riail an Dlí sa Chosaiv (EULEX) agus ag an mBinse Speisialta don Liobáin sa Háig, agus é ag obair i nDlísheomraí Breithiúna le breithiúna ó thíortha éagsúla agus coireacht eacnamaíoch, éilliú, mí-úsáid oifige poiblí, coireanna cogaidh agus comhcheilg chun cásanna sceimhlitheoireachta a chur i gcrích á n-éisteacht acu.



Is í **Aisling McArdle** an Ceann Grúpa Iontrálacha ag Euronext agus tá sí freagrach as iontráil ar liostáil agus trádáil ionstraimí airgeadais ar mhargaí Euronext le haghaidh aicmí sócmhainní Cothromais, Fiachais , agus Cistí. Is comhalta í freisin d'fhoireann rialála dhomhanda Euronext ag a bhfuil freagrachtaí rialála, le haghaidh Euronext Dublin. Chuaigh sí isteach i Stocmhalartán na hÉireann in 2002 agus bhí róil rialála éagsúla aici laistigh den chuideachta. Thosaigh sí mar Cheann Iontrálacha i mí Eanáir 2021, i ndiaidh di ról an Chinn Rialála a bheith aici i mBaile Átha Cliath agus i Londain. Stiúrann Aisling foireann mhór ildlínse, agus tá sí freagrach as rannpháirtíocht rialála le heisitheoirí agus rannpháirtithe margaidh. Glacann sí páirt sa Líonra Eorpach um Rialachas Corparáideach agus is Ceadúnach í de chuid Chumann na nOifigeach Comhlíontachta in Éirinn.



Is í **Aisling Menton** Ceannasaí na Rannóige Feidhme, Creidmheas Miondíola sna Bainc Intíre agus Creidmheas Miondíola D'oibrigh sí sna seirbhísí airgeadais ar feadh breis agus fiche bliain. Roimhe seo, d'oibrigh sí sa Stiúrthóireacht um Chosaint Tomhaltóirí mar Cheann Feidhme: Cigireachtaí Téamacha agus Maoirseacht ar Chreidmheas Miondíola agus laistigh den Stiúrthóireacht Eacnamaíochta mar Cheann Feidhme: Baincéireacht agus Staitisticí Gráinneacha. Tá taithí fhorleathan aici ar rialáil staidrimh, ar mhaoirseacht ar sheirbhísí airgeadais agus ar chur i bhfeidhm beartais. Bhí sí ina ball de roinnt mhaith meithleacha agus coistí de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh ón am a chaith sí sa Rannóg Staidrimh. Ina ról reatha, téann sí i dteagmháil le raon leathan comhlachtaí ionadaíocha tomhaltóirí agus tionscail, agus díríonn sí go háirithe ar riaráistí morgáiste. Tá Máistreacht san Eacnamaíocht aici ó COBÁC, agus Dioplóma sa Straitéis agus sa Nuálaíocht ó Institiúid Bainistíochta na hÉireann (IMI).



Tá taithí fhairsing ar thuairisciú airgeadais, iniúchadh agus cuntasaíocht ag **Conor Molloy** tar éis dó fónamh i róil cheannaireachta feidhmiúcháin agus cathaoirligh boird i seirbhísí airgeadais, baincéireacht, airgeadas digiteach/ teicneolaíocht an airgeadais, bainistíocht infheistíochta, árachas, athárachas, margaí caipitil, cothromas príobháideach agus íocaíochtaí in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, ar fud na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe. Is saineolaí aitheanta é maidir le rialachas corparáideach, maoirseacht, iniúchadh, tuairisciú airgeadais, bainistíocht caipitil agus comhairle rialála seirbhísí airgeadais chomh maith le cathaoirleacht a dhéanamh ar choistí iniúchta, riosca agus boird eile a rialaíonn bainc cheannais agus gníomhaireachtaí maoirseachta go hidirnáisiúnta. Chríochnaigh Conor a chéim Baitsiléara Tráchtála (Cuntasaíocht & Airgeadas) sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus ina dhiaidh sin bhí cáilíochtaí gairmiúla aige mar Stiúrthóir Cairte (Comhalta), mar Chuntasóir Cairte (FCA), mar Rúnaí Cuideachta Cairte (FCG), mar Bhaincéir Cairte (Comhalta), CAMS agus an Institiúid um Bainistíocht Riosca, Londain (Comhalta). Tá Conor Molloy ina stiúrthóir boird chomh maith atá deimhnithe ag Institiúid na Stiúrthóirí, Londain agus Baile Átha Cliath, sna Stáit Aontaithe (NACD) agus i Lucsamburg (ILA).



Is Cuntasóir Cairte é **Ronan Nolan** agus bhí sé ina Uachtarán ar Chuntasóirí Cairte Éireann in 2014/2015. Scoir sé mar pháirtí in Deloitte i mí na Bealtaine 2015 tar éis dó a bheith ina pháirtí comhairleach sinsearach agus ina chathaoireach ar an ngnólacht.

Leagtar amach in Aguisín I comhdhéanamh an bhoird ag deireadh na bliana agus athruithe i measc na stiúrthóirí ón uair a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil deiridh.

## Nósanna imeachta an bhoird

Tagann an bord le chéile go rialta i rith na bliana, le forálacha do chruinnithe neamhsceidealaithe breise nuair is gá. Chun cinnteoireacht eolasach a chinntiú, faigheann comhaltaí an bhoird faisnéis i bhfad roimh gach cruinniú ionas gur féidir leo í a mheas agus a thuiscint.

Tá sceideal ábhar curtha i bhfeidhm ag an mbord de chúrsaí a fhorchoimeádtar go sonrach don Bhord chun críche cinnteoireachta lena gcumhdaítear na príomhréimsí rialachais, airgeadais, riosca agus formhaoirseachta. Tá ábhair áirithe tarmligthe chuig coistí boird, mar a leagtar amach anseo a leanas. Tá córas curtha i bhfeidhm ag an mbord freisin chun údarás a tharmligean go foirmiúil chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Ainmnítear comhaltaí an bhoird mar stiúrthóirí ar ÚMICÉ chun gníomhú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus chun gníomhú chun leas ÚMICÉ agus chun a leas a chosaint agus a chur chun cinn. Tugann na comhaltaí boird uile breithiúnas neamhspleách ar shaincheisteanna a ndéileálann an bord leo. Tá beartas foirmiúil i bhfeidhm ag an mbord chun déileáil le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear oibleagáidí agus ceanglais maidir le nochtadh lena ndearbhaítear nach nglacfaidh stiúrthóirí páirt in aon phléití ná cinntí i leith coinbhleachtaí den sórt sin.

## Ráiteas rialachais

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 905 den Acht. Is é an bord atá freagrach as an dea-rialachas a áirithiú. Déanann sé an méid sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis na príomhcheisteanna gnó uile. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú , agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh na foirne ceannaireachta. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann ceannaireachta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a leagann an bord síos, agus ní mór dóibh a áirithiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an Údarás, agus ar aon rioscaí suntasacha is dóigh a dtiocfaidh chun cinn. Cé go bhfreastalaíonn comhaltaí den fhoireann ceannaireachta ar chruinnithe boird go rialta, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, mar theagmhálaí díreach idir an bord agus feidhmeannas ÚMICÉ.

## Freagrachtaí an bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an bhoird sa sceideal ábhar atá forchoimeádta don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear:

- dearbhú coimhlintí leasa
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta
- nithe atá le cinneadh ag an mbord
- ábhair lena bplé
- nithe a bhaineann le hathbhreithniú straitéiseach
- bainistíocht riosca,
- tuairiscí ó choistí
- an tuarascáil ón Rúnaí

Cuirtear de cheangal ar an Údarás taifid airgeadais a choinneáil agus ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, mar a mhionsonraítear sna ráitis airgeadais.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhormheas. Déanann an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear an caiteachas iarbhír agus an caiteachas a leagtar amach sa bhuiséad, a mheas ag gach cruinniú sceidealaithe. Tá an bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais ÚMICÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ an 31 Nollaig 2025. Ceapachán chuig an mbord.

## Ceapachán chuig an mbord

Feidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an rialtas, le forálacha reachtúla lena gcuirtear cosc ar threoracha aireachta i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Ceapann an tAire comhaltaí boird, gan an Príomhfheidhmeannach a áireamh, le haghaidh téarmaí idir trí agus cúig bliana. Cé go bhfreastalaíonn an Cathaoirleach ar théarma cúig bliana de ghnáth, is gnách go gceaptar gnáthchomhaltaí ar feadh trí bliana. Chun leanúnachas rialachais a áirithiú agus láimhdeachas iomlán ballraíochta in 2026/27 a sheachaint, athcheapadh roinnt stiúrthóirí ar feadh téarmaí cúig bliana in 2023. Tá sonraí faoi chomhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2025 leagtha amach in Aguisín I.

Rinne an bord meastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht féin mar a thuairiscítear sna ráitis airgeadais.

## Coistí boird

Forchoimeádann an bord chuige féin an chumhacht coistí a bhunú chun cabhrú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Feidhmíonn gach coiste faoi théarmaí tagartha i scríbhinn agus soláthraíonn siad tuairiscí don bhord ar bhonn rialta. Ba é an coiste iniúchóireachta agus riosca an t-aon choiste boird a bhí ann in 2025.

**An coiste iniúchóireachta agus riosca**

Triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin atá ar an gcoiste iniúchóireachta agus riosca (CIR):

- Aisling McArdle (Cathaoirleach)
- David Hegarty
- Ronan Nolan

Tá a théarmaí tagartha leagtha amach ina chairt, atá le feiceáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt róil agus freagrachtaí sonracha an choiste, lena n-áirítear athbhreithniú ar thuarascáil bhliantúil an Údaráis agus ar a ráitis airgeadais sula ndéanann an bord breithniú orthu. I measc na ngníomhaíochtaí eile a rinne an coiste linn 2025 bhí an méid seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm in 2024, agus moladh dearfach a thabhairt don bhord
- machnamh a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil le haghaidh 2026, agus a ghlacadh a mholadh don bhord
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh ar phróisis phárolla & AD ÚMICÉ agus ar phróisis Luach ar Airgead
- athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha tríú páirtí ar thástáil treáite líonra sheachtraigh
- breithniú a dhéanamh ar a chur chuige maidir le hiniúchadh inmheánach ar aonaid oibríochtúla, d'fhonn clár barrmhaith a chur le chéile don chlár iniúchóireachta inmheánaí 2026 - 2028
- maoirsiú a dhéanamh ar an bpróiseas roghnaithe don chonradh iniúchóireachta inmheánaí trí bliana
- páipéar a bhreithniú maidir leis an bhféidearthacht clibeáil doiciméad a thabhairt isteach in ÚMICÉ
- athbhreithniú a dhéanamh ar pháipéar maidir le pleanáil comharbais don choiste, agus tograí a chur faoi bhráid an bhoird
- athbhreithniú a dhéanamh ar a chairt reatha
- meastóireacht a chur i gcrích ar a fheidhmíocht, agus próiseas meastóireachta ball den CIR

Ina theannta sin, breithníonn an coiste an clár rioscaí iomlán ag gach cruinniú agus déanann sé moltaí de réir mar is iomchuí don phríomhoifigeach riosca nó don bhord.

## Sceideal tinrimh, táillí, agus costais

Rinneadh mionsonraí i ráitis airgeadais an Údaráis i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí agus soláthraíodh don Aire iad.

## Príomhathruithe pearsanra

Tá freagracht eisiach ar an mbord stiúrthóirí, in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach, as pleanáil, stiúradh agus rialú eagraíochtúil ÚMICÉ. Rinne an tAire Aisling Kennedy, stiúrthóir a bhí ann cheana, a cheapadh mar Chathaoirleach ag deireadh 2024, agus cheap an tAire Conor Molloy chun an folúntas iarmhartach a líonadh. Tháinig Aisling Menton in ionad Eida Mullins le linn na bliana ar ainmniú Bhanc Ceannais na hÉireann. Chun taifead iomlán a fháil ar athruithe ar bhallraíocht an bhoird i rith na bliana, féach Aguisín I.

## Nochtuithe a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ÚMICÉ riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí& Digitiúcháin. Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

- leagtar amach i Nóta 13 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (tuarastail agus sochair eile san áireamh, ach gan ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra san áireamh) ina leith siúd a thuilleann os cionn €60,000;
- leagtar amach i Nóta 15 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar thaisteal agus ar chothú;
- leagtar amach i Nóta 16 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar chomhairleoireacht;
- Níor thabhaigh an tÚdarás costais faoin gceannteideal 'Costais Dlí agus Socraíochtaí' in 2024. Baineann na costais dlí go léir a tabhaíodh le comhairle dlí ghinearálta
- Leagtar amach i Nóta 17 de ráitis airgeadais an Údaráis anailís ar an gcaiteachas ar fháilteachas.

### Ráiteas i dtaca le Comhlíonadh

Is deimhin le ÚMICÉ gur chomhlíon sé ceanglais uile an Chóid, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí.

## Oibleagáidí rialachais agus oibleagáidí eile atá ar an earnáil phoiblí

**Oibleagáidí dlí agus rialachais atá ar chomhlacht arna bhunú faoi reacht**

Is iad an Rúnaí agus Ceann na Seirbhísí Corparáideacha, atá ina Phríomhoifigeach Riosca freisin, na príomhdhaoine a thugann cúnamh don bhord maidir le deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonfaidh ÚMICÉ a oibleagáidí dlí agus rialachais. I gcás inarb infheidhme, rannchuidíonn comhaltaí eile d'fhoireann ÚMICÉ mar is gá le comhlíontacht leanúnach ÚMICÉ maidir lena oibleagáidí.

### Príomhcheanglais dlí

Shainaithin agus rinne an tÚdarás na bearta is gá lena áirithiú go bhfuil a oibleagáidí dlí á gcomhlíonadh aige. Tá a phríomhcheanglais dlí sainaitheanta aige mar a leanas:

- dlí na gcuideachtaí
- an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta
- an reachtaíocht fostaíochta agus reachtaíocht ghaolmhar
- an dlí cánach, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le soláthraithe seirbhíse áirithe ag a bhfuil deimhnithe imréitigh chánach bailí
- na hachtanna cosanta sonraí
- acht na dteangacha oifigiúla
- an dlí maidir le heitic in oifigí poiblí
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012.

Maidir le ceanglais áirithe eile is infheidhme de ghnáth maidir le comhlachtaí reachtúla amhail na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, na hAchtanna um Míchumas, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo.

## RGCS

Tá Fieldfisher Ireland LLP ceaptha ag an Údarás faoi chonradh chun gníomhú mar Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ÚMICÉ. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ag an Údarás a bhíonn ag obair leis an bPríomhfheidhmeannach chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a oibleagáidí leanúnacha faoi RGCS le linn na bliana faoi athbhreithniú.

## Nochtuithe cosanta

Cloíonn an tÚdarás leis na hAchtanna um Nochtadh Cosanta 2014— 2022 . Tá Tuarascáil bhliantúil ÚMICÉ faoin Acht, mar aon le sonraí faoi conas a leithéid de nochtadh a dhéanamh, ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta.

## Cothromaíocht inscne i gcomhaltas an bhoird

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí cúigear (56%) bean agus ceathrar (44%) fear ar an mBord. Mar sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas Bord Stáit. Is teoranta an tionchar atá ag ÚMICÉ ar chothromaíocht inscne a chomhaltais. Is é an tAire a dhéanann formhór na gceapachán ar bhonn ainmniúchán ó thríú páirtithe, agus níl rogha ag an Údarás ná ag an Aire maidir leis an gceist sin. De réir mar a thagann téarmaí stiúrthóirí chun deiridh, áfach, déanann ÚMICÉ aon scileanna nó taithí ar leith a d'fhéadfadh a bheith tairbhiúil a mheas, agus díríonn sé aird an Aire orthu más ann dóibh. Chun cothromaíocht inscne a chothú ar an mbord, cuireann ÚMICÉ inscne san áireamh leis an méid sin.

## Éagsúlacht

Rinne an bord saincheisteanna leithne na héagsúlachta a mheas, lena n-áirítear an chothromaíocht inscne agus luach na difríochta a aithint, mar chuid dá phróiseas bliantúil meastóireachta. Meascán fairsing daoine atá ar an mbord, ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach, ón earnáil tionsclaíochta, agus ón saol acadúil. Ag leibhéal eagraíochtúil, oibríonn gach leibhéal sinsearach laistigh de dheighilt inscne 40%/60%. Tá tromlach níos mó ban ag gráid na gcuntasóirí gairmiúla agus riaracháin faoi láthair, 79% agus 83% faoi seach. I bhfianaise chineál an-speisialaithe a chuid oibre, is minic a fhéachann ÚMICÉ le daoine a earcú agus a choimeád ó chohórt beag gairmithe. D'ainneoin sin, tagann fostaithe ÚMICÉ ó réimse leathan cúlraí.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

D'fhorbair an tÚdarás plean chun a chinntiú go gcomhlíonann sé ceanglais an Achta i dtéarmaí fógraíochta. Déantar an fhógraíocht ábhartha ar fad i nGaeilge agus i mBéarla, rud a sháraíonn íoscheanglas 20% an Achta.

## Úsáid fuinnimh

Mar atá thuasluaite, maidir le ceanglais reachtúla áirithe is infheidhme de ghnáth do chomhlachtaí stáit, níl feidhm acu maidir le ÚMICÉ de bhua nár ceapadh é chun na gcríoch sin an tráth seo. Áirítear leo siúd ceanglais na nAchtanna um Fhuinneamh Inmharthana. Mar sin féin, roghnaigh ÚMICÉ tuairisciú a dhéanamh ar a shonraí bainistíochta agus feidhmíochta fuinnimh.

Tá ÚMICÉ lonnaithe i suíomh oifige amháin agus níl aon mhótarfheithicil ná réimse eile úsáide fuinnimh aige. Cuimsíonn ídiú an Údaráis:

- téamh spáis trí radaitheoirí a úsáideann gás nádúrtha, atá á rialú ag an tiarna talún ar bhonn seirbhísí comhroinnte
- aerchóiriú, uisce te, soilse, agus trealamh oifige, a úsáideann leictreachas agus a rialaíonn an tÚdarás féin

Léiríonn sonraí 2025 go bhfuil méadú 3% tagtha ar úsáid fuinnimh ÚMICÉ i gcomparáid le bonnlíne 2009, rud a léiríonn dúbailt ar a mhéid cóiríochta don tréimhse go Meán Fómhair 2025 agus méadú faoi thrí ar líon na foirne.

## Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide (PSCAM)

Tá ÚMICÉ faoi réir Shainordú na Seirbhíse Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus tá céimeanna glactha aige lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é ar fud an Údaráis. Feidhmíonn Príomhfheidhmeannach ÚMICÉ mar Sheaimpín na hAeráide agus Inbhuanaitheachta, ag cur béime ar an ngealltanas seo. Tá sonraí breise leagtha amach in Aguisín VII.

# Ráitis Airgeadais



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Leathanach Tuarascáil na Stiúrthóirí | 51 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 57 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 59 |
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 60 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 63 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas | 64 |
| Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil | 65 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 66 |
| Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais | 67 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Réamhrá

Tá áthas ar na stiúrthóirí na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, i dteannta thuarascáil na stiúrthóirí, a ullmhaíodh de bhun fhorálacha alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ('Acht 2014') a chur faoi bhráid an fhichiú cruinniú ginearálta bliantúil d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ('ÚMICÉ').

## Príomhghníomhaíochtaí

Feidhmíonn ÚMICÉ mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus is é an comhlacht reachtúil neamhspleách in Éirinn é atá freagrach as:

**a.** imscrúdú agus forfheidhmiú ar thuairisciú airgeadais tréimhsiúil eintiteas liostaithe áirithe;

**b.** maoirseacht ar fheidhmeanna comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta i leith iniúchóirí reachtúla agus maoirsiú ar fheidhmeanna rialála na gcomhlachtaí cuntasóireachta forordaithe (CCFanna);

**c.** glacadh caighdeán maidir le hiniúchóireacht, le heitic ghairmiúil agus le rialú cáilíochta inmheánach; agus

**d.** cigireacht agus cur chun cinn feabhsúchán ar cháilíocht iniúchóireachta na n-eintiteas leasa phoiblí.

Ainmníodh ÚMICÉ freisin mar an t-údarás inniúil le haghaidh clárú agus dearbhú cáilíochta iniúchóirí agus eintiteas iniúchóireachta tríú tír áirithe. Ní bhíonn an chuideachta ag trádáil chun go bhfaighidh na comhaltaí gnóthachan.

## Forléargas ar ghnó

Tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí agus forbairtí todhchaí ÚMICÉ sa tuarascáil bhliantúil.

## Staid airgeadais

Leagtar amach go mionsonrach sócmhainní agus dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta sna ráitis airgeadais ar leathanaigh 10 go 24.

## Rioscaí agus éiginnteachtaí

Deimhníonn na stiúrthóirí, de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), gur forbraíodh agus gur glacadh beartas agus nósanna imeachta bainistíochta riosca chun na príomhrioscaí gnó a bhíonn ag ÚMICÉ a aithint, a chainníochtú agus a bhainistiú.

## Taifid chuntasaíochta

Chun a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta leordhóthanacha de réir cheanglais ailt 281 go 286 d'Acht 2014, d'fhostaigh ÚMICÉ Ceannasaí Airgeadais atá oilte go cuí agus tugann sé dóthain acmhainní don fheidhm airgeadais. Tá na taifid chuntasaíochta lonnaithe in oifig chláraithe ÚMICÉ ag Teach na Saillí, Páirc na Mílaoise, an Nás, Co. Chill Dara.

## Faisnéis ábhartha faoin iniúchadh a sholáthar

De réir alt 330(1) d'Acht 2014, creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach tógtha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil an t-iniúchóir ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Go bhfios dóibh, níl aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag an iniúchóir.

## Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas i ndiaidh an dáta tuairiscithe a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Iniúchóir

Fanann iniúchóir ÚMICÉ, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, in oifig de réir fhorálacha alt 927(2) d'Acht 2014.

## Rialachas

Bunaíodh ÚMICÉ faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003 (Acht 2003), agus feidhmíonn sé mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta faoi fhorálacha Acht 2014. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird in alt 905 d'Acht 2014. Tá neamhspleáchas reachtúil ag an mbord i bhfeidhmiú a fheidhmeanna agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta laethúil ÚMICÉ le tacaíocht agus cúnamh na foirne ceannaireachta sinsearaí. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ceannais shinsearach an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Cé go bhfreastalaíonn comhaltaí den fhoireann ceannaireachta ar chruinnithe boird go rialta, gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, mar theagmhálaí díreach idir bord agus bainistíocht ÚMICÉ.

## Freagrachtaí an bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an bhoird i sceideal ábhar atá forchoimeádta don bhord, sa chód iompair do chomhaltaí boird, agus i mbeartais bhoird ghaolmhara. Ar na míreanna buana a mheasann an bord áirítear:

- dearbhú coimhlintí leasa;
- tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, lena n-áirítear mionsonraí ar obair na n-aonad oibríochtúil éagsúil mar aon le faisnéis airgeadais leanúnach agus cuntais bhainistíochta;
- ábhair lena gcinneadh;
- ábhair lena bplé;
- bainistíocht riosca;
- tuarascálacha ó choistí; agus
- an tuarascáil ón Rúnaí.

Éilíonn Alt 927 d'Acht 2014 ar ÚMICÉ gach cuntas cuí agus gnáth ar airgead a fhaightear agus a chaitheann sí a choinneáil, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (an tAire), arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe (an tAire Caiteachais Phoiblí).

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar bhord ÚMICÉ:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm; agus
- sonrú cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a shuíomh airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 927 d'Acht 2014, agus mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, alt 281 d'Acht 2014. Tá an bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ.

Is é an bord atá freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhormheas. D'fhaomh an bord an buiséad bliantúil le haghaidh 2025 ag a chruinniú an 16 Meán Fómhair 2024. Rinne an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta lena mionsonraítear an caiteachas iarbhír agus an caiteachas a leagtar amach sa bhuiséad, a mheas ag gach cruinniú in 2025. Tharla meastóireacht leanúnach ar cheisteanna oibríochta ag gach cruinniú freisin. D'fhaomh an bord clár oibre trí bliana an Údaráis le haghaidh 2023–2025 ar an 8 Samhain 2022.

Tá an bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord gurb amhlaidh a thugtar léargas fíorcheart i ráitis airgeadais ÚMICÉ ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais ÚMICÉ an 31 Nollaig 2025. Ceapachán chuig an mbord.

## Freagrachtaí an bhoird

Rialaíonn naonúr stiúrthóirí ÚMICÉ agus tá ochtar díobh sin ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a cheap an tAire i ndiaidh d'eintitis a shonraítear in Acht 2014 iad a ainmniú. Is é an stiúrthóir eile an Príomhfheidhmeannach, arna cheapadh ag an mbord. Sonraítear in Acht 2014 go bhfeidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an rialtas agus tá cosc reachtúil ar an Aire orduithe a thabhairt don Údarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Foráiltear in Acht 2014 go bhféadfar comhaltaí a cheapadh ar feadh tréimhse idir trí agus cúig bliana. Sa ghnáthchúrsa, ceaptar comhaltaí ar feadh tréimhse trí bliana agus ceaptar an Cathaoirleach ar feadh cúig bliana. Leagtar amach thíos comhdhéanamh an bhoird an 31 Nollaig 2025, agus athruithe ón dáta sin i leith.

**Comhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2025**

| Comhalta Boird | Slí bheatha | Comhlacht ainmniúcháin | Dáta ar ceapadh ar dtús é/í |
|---|---|---|---|
| Aisling Kennedy (Cathaoirleach) | Stiúrthóir | Aire | 10 Nollaig 2020 |
| Sandra Davey | Príomhoifigeach | Na Coimisinéirí Ioncaim | 26 Bealtaine 2022 |
| Clodagh Hegarty* | Léachtóir | CCFanna | 30 Bealtaine 2020 |
| David Hegarty | Ceann an dlí & an bheartais | An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 3 Eanáir 2020 |
| Aisling McArdle | Ceann rialacháin, Euronext Dublin | ISE | 29 Lúnasa 2019 |
| Aisling Menton | Ceannasaí na Rannóige Feidhme, Creidmheas Miondíola sna Bainc Intíre agus Creidmheas Miondíola | An Banc Ceannais | 17 Deireadh Fómhair 2025 |
| Conor Molloy* | Stiúrthóir | Aire | 26 Meán Fómhair 2025 |
| Ronan Nolan* | Cuntasóir cairte | CCFanna | 30 Bealtaine 2020 |
| Kevin Prendergast* | Príomhfheidhmeannach | Ex-*officio* | 14 Samhain 2016 |

** Léiríonn ballraíocht de CCF*

**Mionsonraí athruithe i gcomhaltas an bhoird ón 1 Eanáir 2025 go dtí an dáta tuairiscithe**

| Stiúrthóir | Dáta ceaptha | Comhlacht ainmniúcháin | Cúis an fholúntais | Téarma ag dul in éag/imithe in éag |
|---|---|---|---|---|
| Aisling Menton | 17 Deireadh Fómhair 2025 | An Banc Ceannais | Éirí as Eida Mullins | 02 Eanáir 2029 |
| Conor Molloy* | 26 Meán Fómhair 2025 | Aire | Ceapachán Aisling Kennedy mar Chathaoirleach | 09 Nollaig 2028 |
| Eida Mullins | 16 Meán Fómhair 2022 | An Banc Ceannais | Éirí as | 17 Iúil 2025 |

** Léiríonn ballraíocht i CCF*

Chuir an bord tús le próiseas meastóireachta seachtraigh ar a fheidhmíocht féin in 2025 i mí na Nollag 2025. Tacaíodh leis an bpróiseas seo le ceistneoir mionsonraithe, agallaimh le baill feidhmiúcháin agus boird, agus ina dhiaidh sin plé ag a chruinniú ar an 29 Eanáir 2026.

Féadfaidh an bord coistí a bhunú chun cabhrú leis a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag gach coiste agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Bhí coiste amháin den sórt sin i bhfeidhm in 2025, is é sin an coiste iniúchóireachta agus riosca (CIR).

Tá triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste agus leagtar amach a théarmaí tagartha i gCairt an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt róil agus freagrachtaí sonracha an choiste. Ba iad comhaltaí an choiste ar an 31 Nollaig 2025 Aisling McArdle (an cathaoirleach), David Hegarty agus Ronan Nolan.

## Sceideal tinrimh, táillí agus costais

Rinneadh mionsonraí i dtaobh na dtáillí agus na gcostas a íocadh le comhaltaí a nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis, agus soláthraíodh don Aire iad.

| | Bord | CIR | Táillí (€) | Speansais (€) |
|---|---|---|---|---|
| | Cruinnithe ar ar freastalaíodh/ cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu | | Nóta 1 | Nóta 2 |
| Aisling Kennedy (Cathaoirleach) | 9/9 | | €11,970 | €495 |
| Kevin Prendergast (Príomhfheidhmeannach) | 9/9 | | - | Note 3 |
| Sandra Davey | 9/9 | | - | - |
| Clodagh Hegarty | 9/9 | | €7,695 | €495 |
| David Hegarty | 7/9 | 5/5 | - | - |
| Aisling McArdle | 6/9 | 5/5 | €7,695 | - |
| Aisling Menton | 2/2 | | | - |
| Conor Molloy* | 2/2 | | €2,044 | €110 |
| Eida Mullins | 6/6 | | - | - |
| Ronan Nolan | 7/9 | 5/5 | €7,695 | - |

**Nóta 1:** Níl comhaltaí is fostaithe san earnáil phoiblí iad, an Príomhfheidhmeannach ina measc, i dteideal táillí a fháil.

**Nóta 2:** Chomh maith leis na costais atá leagtha amach sa Tábla seo, thabhaigh ÚMICÉ (Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann) costais €15,416 i leith oiliúna, fruiliú seomra agus caiteachas teagmhasach a bhaineann le gníomhaíochtaí boird.

**Nóta 3:** Ní áirítear speansais a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach, stiúrthóir/ comhalta boird ex officio, ar an tábla seo ar an mbunús go dtabhaíonn sé iad de bhun a róil mar Phríomhfheidhmeannach seachas mar chomhalta boird. I gcás ar bith, nochtar

aon speansas a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach go poiblí i ráitis airgeadais ÚMICÉ.

## Príomhathruithe pearsanra

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin é, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Ceapadh Conor Molloy chun an bhoird an 29 Meán Fómhair 2025 ag líonadh an fholúntais a chruthaigh ceapachán Aisling Kennedy mar Chathaoirleach le héifeacht ón 21 Nollaig 2024. Ceapadh Aisling Menton don bhord ar ainmniúchán an Bhainc Ceannais ar an 17 Deireadh Fómhair 2025 tar éis do Eida Mullins éirí as níos luaithe sa bhliain.

## Nochtadh a cheanglaítear faoin gCód

Tá an bord freagrach as deimhin a dhéanamh de gur chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Éilítear sa Chód na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

### Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Leagtar amach i nóta 13 de na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (tuarastail agus sochair eile san áireamh, ach gan fabhruithe pá saoire agus ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra san áireamh) ina leith siúd a thuilleann os cionn €60,000.

### Costais sainchomhairleoireachta

Leagtar amach i nóta 16 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar shainchomhairleoireacht.

### Costais dlí agus socruithe

Ní raibh aon socruithe dlí sa bhliain [2024: nialas]. Baineann na costais dlí a tabhaíodh le comhairle ghinearálta dlí.

### Caiteachas taistil agus cothabhála

Leagtar amach i nóta 15 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar thaisteal agus cothabháil.

### Caiteachas fáilteachais

Leagtar amach i nóta 15 de na ráitis airgeadais anailís ar an gcaiteachas ar thaisteal agus cothabháil.

### Ráiteas i dtaca le Comhlíonadh

Chomhlíon ÚMICÉ ceanglais an Chóid arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí.

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

| | |
|---|---|
| **Aisling Kennedy** | **Kevin Prendergast** |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |
| 26 Bealtaine 2026 | 26 Bealtaine 2026 |

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon freagrachta

Thar ceann Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an mbord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh.

## Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Ceaptar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go ndéantar taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánach, a sholáthraíonn treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, bunaithe in ÚMICÉ don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Acmhainn chun riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag ÚMICÉ ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird, agus feidhmíonn duine acu mar an Cathaoirleach. De réir alt 907(2A) d'Acht 2014, tá gach comhalta foirne eolach sna réimsí atá ábhartha do riaradh iniúchóireachta reachtúla. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2025.

Cheap ÚMICÉ CrowleysDFK freisin mar iniúchóirí inmheánacha don tréimhse 2023–2025, ag a bhfuil na hacmhainní cuí chun tabhairt faoi chlár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste.

D'fhorbair ÚMICÉ beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a fhonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a mheastar a oibreoidh laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca ÚMICÉ, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag ÚMICÉ lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh ÚMICÉ agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is a bhíonn siad. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Coiste CIR an clár ag gach cruinniú. Tuairiscítear rioscaí measartha agus suntasacha don bhord freisin, agus bíonn bainistíocht riosca ina mhír ar bhuanchlár cruinnithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibríochtaí a shanntar ar bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú;
- rinneadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach a shannadh ag leibhéal na bainistíochta;
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ceannais sinsearach;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú; agus
- córais curtha i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú;
- sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais don Cheannasaí Seirbhísí Corparáideacha, cuntasóir gairmiúil; agus
- déanann an Príomhfheidhmeannach agus an bord athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚMICÉ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú.

## Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá rialuithe i bhfeidhm ag an ÚMICÉ chun a dheimhniú go ndéantar an párolla a phróiseáil i gceart agus go ndéanann an Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú ar na rialuithe sin. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ÚMICÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúchóirí, agus an lucht ceannais sinsearach laistigh de ÚMICÉ atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2025, agus cuireadh deireadh leis sin arg a chruinniú ar an 29 Aibreán 2026.

Arna shíniú thar ceann an bhoird:

**Aisling Kennedy**

Cathaoirleach

26 Bealtaine 2026

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Feidhmíonn ÚMICÉ a fheidhmeanna agus úsáideann a chumhachtaí trí chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, a ainmníodh chun na críche sin de réir Acht 2014.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais, foilseacháin ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don tréimhse sin agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht 2014. Agus na ráitis airgeadais sin á ullmhú, a ullmhaíodh de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú de réir cleachtais chuntasaíochta Éireannacha a bhfuil glacadh ginearálta leo agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta iomchuí, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis leis an imeacht ábhartha a lua; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh ÚMICÉ de bheith i bhfeidhm.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta, nó go socraíonn sí go gcoimeádtar, taifid imleora chuntasaíochta a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a chumas gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht 2014 agus a chuireann ar a chumas na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Foráiltear freisin in alt 927(1) d'Acht 2014 go gcoimeádfaidh ÚMICÉ '*... taifid, agus ullmhóidh sé gach cuntas is cuí agus is gnách –*

**a.** ar gach ioncam a gheobhaidh sé, lena n-áirítear taifid ar fhoinsí an ioncaim sin,

**b.** ar gach caiteachas a thabhóidh sé, agus

**c.** ar a shócmhainní agus a dhliteanais'.

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

| | |
|---|---|
| **Aisling Kennedy** | **Kevin Prendergast** |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |
| 26 Bealtaine 2026 | 26 Bealtaine 2026 |

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

## Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority

### Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority for the year ended 31 December 2025 as required under the provisions of section 927 of the Companies Act 2014. The financial statements comprise the statement of financial position, the statement of income and expenditure, the statement of changes in reserves and capital account, the statement of cash flows and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority at 31 December 2025 and of its income and expenditure for 2025
- have been properly prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland,* and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Act 2014.

### Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

### Conclusions related to going concern

The directors have prepared the financial statements on a going concern basis. As described in the appendix to this report, I conclude on

- the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting by the directors and
- whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the company's ability to continue as a going concern.

I have nothing to report in that regard.

### Opinion on other matters prescribed by the Companies Act 2014

Based on the work undertaken in the course of the audit, I report that in my opinion

- the information given in the report of the directors is consistent with the financial statements, and
- the report of the directors has been prepared in accordance with the applicable legal requirements.

I have obtained all the information and explanations that, to the best of my knowledge and belief, are necessary for the purposes of my audit.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, and the financial statements are in agreement with the accounting records.

Based on the knowledge and understanding of the Authority and its environment obtained in the course of the audit, I have not identified any material misstatements in the report of the directors.

## Report of the C&AG (continued)

The Companies Act 2014 also requires me to report if, in my opinion, the disclosures of directors' remuneration and transactions required by sections 305 to 312 of the Act are not complied with by the company. I have nothing to report in that regard.

### Reporting on other information

The directors are responsible for other information they have presented with the financial statements. This comprises the annual report, including the report of the directors, the statement on internal control and the Directors' Responsibilities statement. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

**Mark Brady**
**For and on behalf of the**
**Comptroller and Auditor General**

**2 June 2026**

## Appendix to the report

### Responsibilities of the Directors

As detailed in the directors' report, the directors are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under the Companies Act 2014
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

### Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 927 of the Companies Act 2014 to audit the financial statements of the Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the company to cease being a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

#### Other Information

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

#### Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

# An Ráiteas ar an Staid Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 4 | 33,347 | 25,480 |
| | | 33,347 | 25,480 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Fardal | | 1,146 | 2,480 |
| Infháltais | 5 | 122,454 | 191,047 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 6 | 1,850,600 | 1,680,247 |
| | | 1,974,200 | 1,873,774 |
| **Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | |
| Suimeanna iníoctha | 7 | 377,208 | 301,946 |
| Dreasacht cíosa iarchurtha | 8 | - | 5,337 |
| Barrachas ioncaim tobhaigh CCF | 9 | 278,017 | 403,941 |
| Barrachas ioncaim tobhaigh gnólachtaí iniúchóireachta ELP | 9 | 472,559 | 288,992 |
| Barrachas Ioncaim Deontais Roinne | 9 | 165,149 | 193,378 |
| | | 1,292,933 | 1,193,594 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 681,267 | 680,180 |
| **Suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | |
| Dreasacht cíosa iarchurtha | 8 | - | - |
| | | - | - |
| **Glansócmhainní roimh sochair scoir** | | **714,614** | **705,660** |
| **Sochair scoir** | | | |
| Dliteanas sochair scoir | 10 | (7,066,000) | (6,950,000) |
| Maoiniú sócmhainne sochair scoir státchiste iarchurtha | 10 | 7,066,000 | 6,950,000 |
| **Glansócmhainní tar éis sochair scoir** | | **714,614** | **705,660** |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste ioncaim | | - | - |
| Cuntas caipitil | 11 | 33,347 | 25,480 |
| Ciste cúltaca | | 681,267 | 680,180 |
| **Cistí comhaltaí** | | **714,614** | **705,660** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Aisling Kennedy**
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2026

**Kevin Prendergast**
Príomhfheidhmeannach

26 Bealtaine 2026

# An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 12 | 5,711,860 | 5,450,182 |
| **Costais riaracháin** | | | |
| Costais foirne | 13 | 4,609,694 | 4,342,889 |
| Táillí na stiúrthóirí | 14 | 37,099 | 42,539 |
| Cóiríocht | | 328,996 | 395,613 |
| Taisteal agus cothabháil | 15 | 109,136 | 136,762 |
| Seirbhísí dlí agus gairmiúla | 16 | 171,929 | 98,097 |
| Caiteachas oifige | 17 | 80,132 | 106,569 |
| Teicneolaíocht faisnéise | | 157,331 | 149,292 |
| Forbairt ghairmiúil | | 126,073 | 98,565 |
| Árachas | | 41,066 | 42,995 |
| Luach saothair an iniúchóra | 18 | 17,800 | 17,800 |
| Dímheas | | 25,942 | 28,373 |
| **Speansais riaracháin iomlána** | | 5,705,198 | 5,459,494 |
| (Easnamh)/Barrachas ioncaim ar speansais riaracháin roimh chostais costais airgeadais | | **6,662** | **(9,312)** |
| Ioncam airgeadais | 19 | 2,292 | 2,812 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | | **8,954** | **(6,500)** |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | | | |
| (Caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | | (523,000) | (193,000) |
| Athruithe ar thoimhdí | | 1,443,000 | 176,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha | | (920,000) | 17,000 |
| Barrachas/(easnamh) iomlán aitheanta don bhliain | | **8,954** | **(6,500)** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Aisling Kennedy**
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2026

**Kevin Prendergast**
Príomhfheidhmeannach

26 Bealtaine 2026

# An Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | € | € | € | € |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid – 1 Eanáir 2024** | **-** | **36,355** | **675,805** | **712,160** |
| Easnamh don bhliain | (6,500) | - | - | (6,500) |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | | |
| Ioncam curtha i bhfeidhm ar fhálacha sócmhainne caipitlithe | (17,498) | 17,498 | - | - |
| Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm de réir dímheas sócmhainne | 28,373 | (28,373) | - | - |
| Ioncam infhaighte ó airgead an chiste cúltaca (diúltach) | (1,897) | - | 1,897 | - |
| Ioncam ó fhíneálacha – alt 934 | (2,478) | - | 2,478 | - |
| (Caillteanas) achtúireach ar dhliteanais pinsin | (758,000) | - | - | (758,000) |
| Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha | 758,000 | - | - | 758,000 |
| **Iarmhéid – 31 Nollaig 2024 / 1 Eanáir 2025** | **-** | **25,480** | **680,180** | **705,660** |
| Barrachas don bhliain | 8,954 | - | - | 8,954 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | | |
| Ioncam curtha i bhfeidhm ar fhálacha sócmhainne caipitlithe | (33,809) | 33,809 | - | - |
| Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm de réir dímheas sócmhainne | 25,942 | (25,942) | - | - |
| Ioncam infhaighte ó airgead an chiste cúltaca | (1,087) | - | 1,087 | - |
| Ioncam ó fhíneálacha/socraithe - a.933/934 | - | - | - | - |
| (Caillteanas) achtúireach ar dhliteanais pinsin | (116,000) | - | - | (116,000) |
| Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsean státchiste iarchurtha | 116,000 | - | - | 116,000 |
| **Iarmhéid – 31 Nollaig 2025** | **-** | **33,347** | **681,267** | **714,614** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Aisling Kennedy**
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2026

**Kevin Prendergast**
Príomhfheidhmeannach

26 Bealtaine 2026

# An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|---|
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 20 | 201,870 | (110,521) |
| Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistiúcháin | | | |
| Ús Faighte | | 2,292 | 2,812 |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | | (33,809) | (17,498) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid sa bhliain** | | **170,353** | **(125,207)** |
| **Réiteach glansreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
| Méadú/(Laghdú) ar ghlanchistí sa bhliain | 21 | 170,353 | (125,207) |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | | 1,680,247 | 1,805,454 |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig | | **1,850,600** | **1,680,247** |

Faofa agus údaraithe lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

**Aisling Kennedy**
Cathaoirleach

26 Bealtaine 2026

**Kevin Prendergast**
Príomhfheidhmeannach

26 Bealtaine 2026

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir reachtaíocht infheidhme agus Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Toisc nach mbíonn an chuideachta ag trádáil chun go bhfaighidh na comhaltaí gnóthachan, chinn na stiúrthóirí gur cuí Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas ina nochtar an barrachas nó an t-easnamh don bhliain seachas cuntas Brabúis agus Caillteanais dá bhforáiltear in alt 291(5) d'Acht 2014. Ar an gcaoi chéanna, tugtar an fhaisnéis ar fad sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais a nochtfaí seachas sin ar an gClár Comhardaithe.

De réir FRS 102, is éard atá sna Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

## 2. Beartais chuntasaíochta i bhfeidhm

### 2.1 Sócmhainní neamhreatha – dímheas

Luaitear sócmhainní neamhreatha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag costas lúide dímheas carntha. Dímheas Muirearaítear an dímheas ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas de réir méid chothroim, agus ríomhtar an muirear thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní.

### 2.2 Fardal

Léiríonn stoic ar láimh amhail deireadh na tréimhse stoic earraí inchaite teicneolaíochta faisnéise agus earraí inchaite oifige, agus luaitear iad ag an luach is ísle idir an costas agus an glanluach inréadaithe.

### 2.3 Aithint ioncaim

Faigheann ÚMICÉ ioncam ó fhoinsí éagsúla chun íoc as an gcaiteachas a thabhaítear i riaradh a fheidhmeanna. Go ginearálta, aon suimeanna a fhaightear a bhí níos mó nó níos lú ná an caiteachas a tabhaíodh, aithnítear iad mar chreidiúnaí nó mar fhéichiúnaí faoi seach. Foráiltear le halt 921(1) d'Acht 2014 go laghdaíonn suimeanna barrachais an tsuim iníoctha don tréimhse airgeadais dár gcionn. Leagtar amach thíos bunús an mhaoinithe agus an beartas cuntasaíochta maidir le haithint ioncaim.

| Foinse ioncaim | Cuspóir | Beartas aitheanta |
|---|---|---|
| **Ioncam Tobhaigh** | | |
| **An Státchiste (tríd an Roinn)** | Maoiníonn an Státchiste 40% de ghlanchaiteachas ÚMIC sa tréimhse airgeadais nach maoinítear ó na foinsí eile a liostaítear thíos. | Arna aithint de réir an chaiteachais a tabhaíodh i riaradh na feidhme sa tréimhse airgeadais. Aithnítear suimeanna a fhaightear sa bhreis ar an tsuim sin mar chreidiúnaithe. |
| **Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe** | Maoiníonn CCFanna 60% de ghlanchaiteachas ÚMIC sa tréimhse airgeadais nach maoinítear ó na foinsí eile a liostaítear thíos. | |
| **Gnólachtaí iniúchóireachta Eintitis Leasa Phoiblí ('ELP')** | Maoiníonn gnólachtaí iniúchóireacht ELP costais a bhaineann le cigireacht ar cháilíocht iniúchtaí ar ELPanna | |
| **An Státchiste (tríd an Roinn)** | Maoiníonn an Státchiste costais a bhaineann lena fheidhmeanna faoi na Rialacháin um an Treoir um Thrédhearcacht | |
| **Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta ('CCAnna')** | CCAanna (CCFanna atá údaraithe chun iniúchóirí a aithint) Maoiníonn CCAnna (CCFanna atá údaraithechun iniúchóirí a aithint) costais a bhaineann le glacadh Caighdeán Cuntasaíochta lena n-úsáid in Éirinn | |
| **An Státchiste (tríd an Roinn)** | Úsáidtear an Ciste Cúltaca go príomha chun íoc as costais a bhaineann le fiosrúcháin reachtúla alt 933. Nuair a thagann tobhaigh chun cinn, muirearaítear iad don Státchiste agus CCFanna faoi seach i gcóimheas 40:60 faoi alt 919 d'Acht 2014 | Arna aithint ar dháta faofa an Aire. |
| **Ioncam Neamh-thobhaigh** | | |
| **Ioncam ó fhíneálacha** | Ioncam a thagann as fíneálacha a ghearrann ÚMICÉ ar bhonn fiosrúcháin agus imscrúduithe reachtúla faoi ailt 933 agus 934 faoi seach d'Acht 2014, lóisteáiltear é sa Chiste Cúltaca, agus ní féidir é a úsáid ach chun íoc as costais fiosrúcháin nó imscrúdaithe a bhaineann leis an alt céanna sin. | Arna aithint ar an dáta socraithe (má shocraítear é) nó ar dháta faofa na hArd-Chúirte |
| **Aisghabháil costas imscrúdaithe** | Ag brath ar an gcineál sáraithe atá i gceist, maoiníonn ábhar an imscrúdaithe (an 'duine sonraithe') nó CCA dá bhfuil an duine sonraithe ina chomhalta, imscrúduithe faoi alt 934 d'Acht 2014. | Arna aithint ar an dáta socraithe (má shocraítear é) nó ar dháta faofa na hArd-Chúirte |
| **Táillí eintiteas iniúchóireachta tríú tír** | Úsáidtear an t-ioncam seo chun cúiteamh a dhéanamh ar chostais a bhaineann le próiseáil iarratas ar aitheantas ó iniúchóirí nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad lena n-aithint in Éirinn. | Arna n-aithint tráth an chláraithe. Caithfear táillí cláraithe sa bhreis ar €40,000 a thabhairt ar ais don Roinn. |

**2.4 An príomhphearsanra bainistíochta**

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin é, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh.

**2.5 Scéim Pinsin Aonair na hEarnála Poiblí**

Feidhmíonn ÚMICÉ Scéim Aonair Pinsin na Seirbhísí Poiblí ("an Scéim Aonair") freisin, scéim sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin san earnáil phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí).

## 3. Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla chuntasaíochta

**3.1 Sochair Scoir**

Leagtar amach an staid maidir le scéimeanna aoisliúntais ÚMICÉ i Nóta 11. I rannóg 28.10(a) de FRS 102, sainítear scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe mar *"phleananna sochair iarfhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta le heintiteas ar leith (ciste) agus ní bhíonn aon oibleagáid dhlíthiúil ná inchiallaithe air chun ranníocaíochtaí eile ná íocaíochtaí sochair dhírigh a íoc le fostaithe mura mbíonn dóthain sócmhainní sa chiste chun íoc as na sochair fostaithe ar fad a bhaineann le seirbhís fostaithe sna tréimhsí reatha agus roimhe sin. Dá bhrí sin, cinntear suim na sochar iarfhostaíochta a fhaigheann an fostaí bunaithe ar líon na ranníocaíochtaí a d'íoc an t-eintiteas (agus an fostaí freisin b'fhéidir) le plean sochair iarfhostaíochta nó le hárachóir, i dteannta torthaí ar infheistíocht a eascraíonn as na ranníocaíochtaí"*. Caitear le gach scéim eile amhail scéimeanna Sochair Shainithe.

Go bunúsach, measann na stiúrthóirí go bhfuil an oibleagáid íoc as sochair scoir fós ar ÚMICÉ, ach gur thug an Státchiste tiomantas go dtabharfaí dóthain cistí do ÚMICÉ chun aon oibleagáid a bheadh ar ÚMICÉ a réiteach nuair atá siad dlite, ar choinníoll go n-íocann ÚMICÉ ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra leis an Roinn ag rátaí a shonraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí. D'ainneoin gur dheimhnigh an Státchiste go n-íocfaidh sé as gach dliteanas a thagann chun cinn le haghaidh fhostaithe ÚMICÉ (agus a gcéilí, a bpáirtithe shibhialta agus a bpáistí) má dhéantar ranníocaíocht sheasta leis, tá na stiúrthóirí fós den tuairim go bhfanann an oibleagáid chonartha idir an tÚdarás agus a fhostaithe. Mar gheall air sin, leanann na stiúrthóirí ag plé leis na scéimeanna mar scéimeanna Sochair Shainithe. Dá réir, aithníonn na ráitis airgeadais Oibleagáid Sochar Scoir agus Maoiniú Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

## 4. Sócmhainní neamhreatha

| | Trealamh TF € | Oifig Trealamh € | Troscán & Feistis € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Dímheasa | 33.33% | 20% | 12.5% | |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2025 | 216,713 | 68,683 | 88,520 | 373,916 |
| Breiseanna | 19,689 | 14,120 | - | 33,809 |
| Diúscairtí | (120,276) | (59,457) | (10,630) | (190,363) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 116,126 | 23,346 | 77,890 | 217,362 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2025 | 199,933 | 60,230 | 88,273 | 348,436 |
| Táille don bhliain | 17,704 | 8,110 | 128 | 25,942 |
| Diúscairtí | (120,276) | (59,457) | (10,630) | (190,363) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 97,361 | 8,883 | 77,771 | 184,015 |
| **Glanluach de Réir na Leabhar** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2025 | 16,780 | 8,453 | 247 | 25,480 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 18,765 | 14,463 | 119 | 33,347 |

### 4.1 Sócmhainní neamhreatha 2024

| | Trealamh TF € | Oifig Trealamh € | Troscán & Feistis € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Ráta Dímheasa | 33.33% | 20% | 12.5% | |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2024 | 200,601 | 67,297 | 88,520 | 356,418 |
| Breiseanna | 16,112 | 1,386 | - | 17,498 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 216,713 | 68,683 | 88,520 | 373,916 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2024 | 177,351 | 54,890 | 87,822 | 320,063 |
| Táille don bhliain | 22,582 | 5,340 | 451 | 28,373 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 199,933 | 60,230 | 88,273 | 348,436 |
| **Glanluach de Réir na Leabhar** | | | | |
| Amhail an 01 Eanáir 2024 | 23,250 | 12,407 | 698 | 36,355 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 16,780 | 8,453 | 247 | 25,480 |

## 5. Infháltais

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---:|---:|
| Féichiúnaithe Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP | - | - |
| Féichiúnaithe CCF* | - | 141 |
| Eile | 122,454 | 190,906 |
| | **122,454** | **191,047** |

## 6. Airgead tirim agus coibhéisí

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---:|---:|
| Banc – taisce fógra (Cúlchiste) | 681,261 | 617,822 |
| Banc – taisce fógra (Neamh Chúlchiste) | 719,851 | 718,647 |
| Banc – reatha | 449,444 | 343,734 |
| Airgead ar Láimh | 44 | 44 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid iomlána** | **1,850,600** | **1,680,247** |

## 7. Suimeanna iníoctha

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---:|---:|
| Pá agus bainteach le pá | 259,556 | 244,408 |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 8,821 | 7,195 |
| Seirbhísí dlí agus gairmiúla | 30,900 | 10,448 |
| Creidiúnaithe Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP | 10,816 | 3,123 |
| Creidiúnaithe CCF* | 34 | 1,918 |
| Eile | 67,081 | 34,854 |
| | **377,208** | **301,946** |

## 8. Cóiríocht ar léas, dreasacht cíosa iarchurtha

Íocann Oifig na nOibreacha Poiblí cíosanna a bhíonn dlite faoi léasanna leis an léasóir, agus déanann iad a aisghabháil ó ÚMICÉ gach ráithe de réir comhaontú. Muirearaítear cíosanna ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh chun críche in 2005 maidir leis an dara hurlár, Willow House, Páirc na Mílaoise, an Nás, bhain ÚMICÉ tairbhe as tréimhse saor ar chíos ag tús an léasa sin. Roinneadh luach na dreasachta sin thar imeacht shaolré an léasa. De bharr an chur chuige sin, tá muirear €27,652 sna ráitis airgeadais ar dháta an chorpraithe agus dreasacht cíosa iarchurtha chomhfhreagrach, a fhuasclófar chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar imeacht thréimhse an léasa.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh chun críche in 2016 maidir leis an gcéad urlár, Willow House, bhain ÚMICÉ tairbhe as tréimhse sé mhí eile saor ar chíos ag tús an léasa sin go dtí an 14 Márta 2017. Roinnfear luach na dreasachta thar imeacht shaolré an léasa, i.e. go dtí an 14 Meán Fómhair 2025. De bharr an chur chuige sin, tá muirear €40,630 sna ráitis airgeadais agus dreasacht cíosa iarchurtha chomhfhreagrach, a fhuasclófar chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar imeacht thréimhse an léasa.

Is é luach na ndreasachtaí sin amhail an 31 Nollaig atá le fuascailt chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

| | 2025 | | 2024 | |
|---|---|---|---|---|
| | **An Chéad Urlár €** | **An Dara hUrlár €** | **An Chéad Urlár €** | **An Dara hUrlár €** |
| - laistigh de bhliain amháin | - | - | 3,821 | 1,516 |
| - laistigh de 2 bhliain go 5 bliana | - | - | - | - |
| - níos faide ná cúig bliana | - | - | - | - |
| | **-** | **-** | **3,821** | **1,516** |

## 9. Féichiúnaí Deontais Státchiste/Tobhach CCF Tugtha Ar Aghaidh

Mar a shonraítear i Nóta 2, faightear ioncam ó fhoinsí éagsúla. Leagtar amach thíos na suimeanna aitheanta i dteannta iarmhéideannadheireadh na bliana.

### 9.1 Ríomh an Ghlanchaiteachais

| | | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ollchaiteachas de réir an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas | | 5,705,198 | 5,459,494 |
| Coigeartaigh le haghaidh: | | | |
| Méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh le haghaidh fálacha caipitil | | 7,867 | (10,876) |
| | | 5,713,065 | 5,448,618 |
| Lúide: | | | |
| Ús ciste neamh-chúlchiste infhaighte | | 1,205 | 916 |
| Táillí comhdhála IFIAR | | - | 107,600 |
| Ioncam ó chlárú eintitis iniúchóireachta tríú tír | | 44,994 | 49,500 |
| **Glanchaiteachas don bhliain** | | **5,666,866** | **5,290,602** |
| Glanchaiteachas inchurtha i leith an Státchiste | | | |
| i. An Treoir um Thrédhearcacht (100%) (Nóta 2.3) | 1,038,544 | | |
| ii. Barrachas ioncaim ó Eintitis Iniúchóireachta Tríú Tír (Nóta 2.3) Barrachas ioncaim ó Eintitis Iniúchóireachta Tríú Tír (Nóta 2.3) | (4,994) | | |
| iii. Oibleagáidí faoi Acht 2014 (40% den iarmhéid) | 637,892 | 1,671,442 | 1,540,535 |
| Glanchaiteachas inchurtha i leith CCFanna | | | |
| i. Glacadh Caighdeán Iniúchóireachta (100%) (Nóta 2.3) | 463,146 | | |
| ii. Oibleagáidí faoi Acht 2014 (60% den iarmhéid) | 956,837 | 1,419,983 | 1,322,059 |
| Glanchaiteachas inchurtha i leith na nGnólachtaí Iniúchóireachta ELP | | | |
| Gnólachtaí | | 2,575,441 | 2,428,008 |
| | | **5,666,866** | **5,290,602** |

### 9.2 Ríomh Deontais Státchiste/Tobhaigh Tugtha Ar Aghaidh

| | Exchequer | PABs | PIE - Audit Firms | Total |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2025 | **(193,378)** | **(403,941)** | **(288,992)** | **(886,311)** |
| **Ioncam le haghaidh cuspóirí sonracha** | | | | |
| Glacadh caighdeán iniúchóireachta | | 463,146 | | 463,146 |
| Cigireacht ar ELPanna 2,191,373 | | | 2,575,441 | 2,575,441 |
| An Treoir um Thrédhearcacht | 1,038,544 | | | 1,038,544 |
| Glanchaiteachas | 632,898 | 956,837 | | 1,589,735 |
| **Ioncam aitheanta in Ioncam agus Caiteachas (Nóta 12)** | **1,671,442** | **1,419,983** | **2,575,441** | **5,666,866** |
| Méideanna infhaighte in 2025 | (1,643,213) | (1,294,059) | (2,759,008) | (5,696,280) |
| **Gluaiseacht 2025** | **28,229** | **125,924** | **(183,567)** | **(29,414)** |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig 2025** | **(165,149)** | **(278,017)** | **(472,559)** | **(915,725)** |

## 10. Sochair scoir

### 10.1 Forléargas

Foráiltear le halt 926(1) d'Acht 2014 nach bhféadfaidh ÚMICÉ scéim aoisliúntais a bhunú ach le faomhadh an Aire Fiontar, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí. D'ullmhaigh ÚMICÉ tograí agus chuir faoi bhráid na nAirí iad maidir le céilí, páirtithe sibhialta agus páistí fostaithe agus fostóirí (bunaithe ar 'Scéimeanna Samhla' sochair shainithe na státseirbhíse). Cuireadh na scéimeanna faoina mbráid de bhun na forála comhfhreagraí in Acht 2003, agus d'fhaomh na hAirí iad ar an 29 Samhain 2010 agus an 5 Nollaig 2012 faoi seach. Tá na scéimeanna bunaithe ar scéimeanna 'samhla' na státseirbhíse mar a shonraítear ar an suíomh gréasáin www.cspensions.gov.ie Bunaítear na sochair faoi na scéimeanna sin ar thuarastal deiridh na gcomhaltaí.

Tá fostaithe a chuaigh isteach sa tseirbhís phoiblí ón 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí den Scéim Aonair (mar a leagtar amach i Nóta 2.5). Is scéim sochair shainithe í sin, ina mbíonn na sochair bunaithe ar mheántuilleamh gairme.

Go hachomair, is iad na socruithe le haghaidh na scéimeanna ar fad:

**i.** íoctar ranníocaíochtaí scéime fhostaithe ÚMICÉ leis an Roinn;

**ii.** íocann ÚMICÉ ranníocaíocht an fhostóra leis an Roinn, agus socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí ráta na ranníocaíochta sin. Ba ionann an ráta infheidhme in 2025 agus 25% [2024: Ba é 25% [2021: 25%] an ráta infheidhme in 2021, lenar bhain srian de thrí oiread na ranníocaíochta fostaí le haghaidh chomhaltaí na Scéime Aonair;

**iii.** mar chúiteamh ar íocaíocht ranníocaíocht na bhfostaithe agus an fhostóra léi, thug an Roinn tiomantas go n-íocfaidh an Státchiste go hiomlán as aon sochar a bheidh dlite d'fhostaithe ÚMICÉ agus/ná dá gcéilí, a bpáirtithe sibhialta agus a bpáistí de réir mar a bhíonn siad dlite.

Dliteanais na scéime a léirítear le luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí a thuill foireann ÚMICÉ go dtí seo, tomhaistear iad ar bhonn achtúireach le modh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsean sochair a thuill foireann ÚMICÉ, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsean na bhfostaithe, a choinníonn an Roinn. An tsuim atá le háireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh shuim an Mhaoinithe Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha, meastar go bhfuil sí ar chóimhéid le meastachán na hoibleagáide le haghaidh dhliteanais na scéime pinsin.

Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí, aithnítear iad sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid don Mhaoiniú Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Déantar ranníocaíochtaí an fhostóra, a mhuirearaítear ar ráta a ghearrann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a choinníonn an Státchiste, a mhuirearú nó a chur chun sochair ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa mhéid a sháraíonn nó a mbíonn siad níos lú ná na costais phinsean faoi seach mar atá thuasluaite.

### 10.2 Luacháil achtúireach

Choimisiúnaigh ÚMICÉ luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe amhail dáta an chláir chomhardaithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) fabhraithe i rith na bliana. Rinneadh an luacháil sin, a bunaíodh ar mhodh an Aonaid Réamh-mheasta, ar bhonn na dtoimhdí a leanas:

| | Amhail 31-12-2025 | Amhail 31-12-2024 |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe i dtuarastail | 3.00% | 3.00% |
| Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc | 2.50% | 2.50% |
| Ráta lascaine | 4.40% | 3.60% |
| Toimhde um an mboilsciú | 2.00% | 2.00% |
| Ionchas saoil ag 70 bliain d'aois: | | |
| Pinsinéirí reatha – fireanna | 22.3 bliana | 17.7 bliana |
| Pinsinéirí reatha – baineanna | 24.6 bliana | 19.8 bliana |
| Pinsinéirí sa todhchaí – fireanna | 24.5 bliana | 19.8 bliana |
| Pinsinéirí sa todhchaí – baineanna | 26.6 bliana | 21.7 bliana |

Bunaithe ar a bhfuil thuas, is é luach reatha na ndliteanas ar dháta an chláir chomhardaithe €7,066,000 [2024: €6,950,000], agus is é an costas seirbhíse (bunaithe ar na toimhdí thuasluaite) don bhliain €362,000 [2024: €50,000). Tá roinnt d'fhoireann ÚMICÉ tar éis seirbhís a charnadh i bpoist eile sa tseirbhís phoiblí ach níl siad tar éis leas a bhaint as an rogha an tseirbhís sin a aistriú chuig ÚMICÉ go dtí seo.

### 10.3 Anailís ar chostais phinsean iomlána a muirearaíodh ar Ioncam agus Caiteachas

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí fostóra iomlána | 652,676 | 616,621 |
| *Costas seirbhíse reatha | 774,000 | 516,000 |
| Costas Úis | 278,000 | 241,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsean Státchiste iarchurtha | (1,052,000) | (757,000) |
| **Iomlán muirearaithe ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus** | **652,676** | **616,621** |

*Ranníocaíochtaí fostaithe ar luach iomlán €412,000 [2024: *Áiríodh ranníocaíochtaí fostaí dar iomlán €466,000 [2021: €217,456] sa ríomh ar an gcostas seirbhíse reatha.

### 10.4 Gluaiseacht i nglandliteanas pinsean

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsean amhail an 1 Eanáir | **6,950,000** | **6,192,000** |
| Costas Seirbhíse Reatha | 774,000 | 516,000 |
| Costais Úis | 278,000 | 241,000 |
| Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | 523,000 | 193,000 |
| Athruithe ar thoimhdí | (1,443,000) | (176,000) |
| Sochair íoctha sa bhliain (slánaithe) | (16,000) | (16,000) |
| Glandliteanas Pinsean amhail an 31 Nollaig | **7,066,000** | **6,950,000** |

### 10.5 Stair dliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanas ó thaithí

| | 2025 € | 2024 € | 2023 € | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Dliteanas Scéime | 7,066,000 | 6,950,000 | 6,192,000 | 4,800,000 | 9,687,000 |
| Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime | 523,000 | 193,000 | 21,000 | (464,000) | 548,000 |
| Athruithe ar thoimhdí | (1,443,000) | (176,000) | 783,000 | (5,409,000) | 68,000 |

## 11. Cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil an luach ioncaim gan amúchadh a úsáideach chun críche caipitil (i.e. fálacha sócmhainní).

## 12. Ioncam

### 12.1 Clár Caiteachais Faofa

D'fhaomh an tAire Clár Caiteachais ÚMICÉ don bhliain faoi alt 911(1) d'Acht 2014, a bhí

€7,066,000 [2024: €6,324,000] mar atá leagtha amach thíos. Áirítear leis sin maoiniú státchiste (trí vóta 32, fotheideal C12 de chuid na Roinne) dar uasmhéid €1,571,000 [2024: €1,014,000] curtha ar fáil i rith na bliana maidir le feidhmeanna IAASA faoin Treoir Trédhearcachta. Mhaoinigh gnólachtaí iniúchóireachta ELP agus CCAnna na feidhmeanna cigireachtaí iniúchóireachta agus glactha caighdeán iniúchóireachta faoi seach.

| | Státchiste € | CCFanna € | Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas athfhillteach | 749,000 | 1,126,000 | | 1,875,000 |
| Leithdháileadh faofa i leith glacadh caighdeán iniúchóireachta | | 572,000 | | 572,000 |
| Leithdháileadh faofa i leith gníomhaíochtaí imscrúdaithe iniúchóireachta 2,345,000 | | | 3,048,000 | 3,048,000 |
| Leithdháileadh faofa i leith ghníomhaíochtaí na Treorach um Thrédhearcacht | 1,571,000 | | | 1,571,000 |
| **Iomlán** | **2,320,000** | **1,698,000** | **3,048,000** | **7,066,000** |

Úsáideadh na suimeanna thuasluaite dar luach €7,066,000 san iomlán mar bhunús chun billí a chur chuig na maoinitheoirí faoi seach in 2025, lúide suimeanna dlite do na maoinitheoirí sin ag tús na bliana dar luach €886,312 san iomlán. B'fhiú €5,666,866 an glanchaiteachas don bhliain. Tugtar anailís bhreise ar na suimeanna sin i Nóta 9, lena n-áirítear an t-iarmhéid €915,725 a bhí dlite do mhaoinitheoirí amhail deireadh na bliana.

### 12.2 Anailís ar ioncam

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam athfhillteach faoi Acht 2014 | | |
| Ioncam deontais státchiste: vóta 32, fotheideal C12 | 632,898 | 558,069 |
| Tobhaigh CCFanna | 956,837 | 851,354 |
| Ioncam i leith Ghníomhaíocht na Treorach um Thrédhearcacht | | |
| Ioncam deontais státchiste: vóta 32, fotheideal C12 | 1,038,544 | 982,467 |
| Ioncam i leith glacadh caighdeán iniúchóireachta | | |
| Ioncam i leith Ghníomhaíocht na Treorach um Thrédhearcacht | 463,146 | 470,706 |
| Ioncam i leith gníomhaíochtaí cigireachta iniúchóireachta | | |
| Gnólachtaí Iniúchóireachta ELP | 2,575,441 | 2,428,008 |
| **Ioncam iomlán ó mhaoinitheoirí** | **5,666,866** | **5,290,604** |
| Ioncam ciste cúltaca | | |
| Suimeanna infhaighte de bharr fíneálacha socraíochta (alt | - | 2,478 |
| Ioncam i leith comhdhála IFIAR | - | 107,600 |
| Táillí tinrimh do chomhdháil IFIAR | | |
| Ioncam de bharr clárú eintitis iniúchóireachta tríú tír | 44,994 | 49,500 |
| Táillí cláraithe faighte ó eintitis iniúchóireachta tríú tír | **5,711,860** | **5,450,182** |

## 13. Costais Foirne

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | 3,574,645 | 3,367,852 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | 382,373 | 358,416 |
| Ranníocaíochtaí Sochair Scoir Fostaithe | 652,676 | 616,621 |
| | **4,609,694** | **4,342,889** |

Ba é an meánlíon fostaithe i (WTE) rith na bliana ná 36 [2024: 34]. Líon foirne (CL) ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2025 36 [2024: 36]. Íoctar fostaithe ÚMICÉ ar bhonn scálaí tuarastail atá cosúil le gráid na státseirbhíse. Léiríonn na tuarastail sin an pá iomlán agus ní íocann ÚMICÉ as ragobair ná liúntais dá leithéid.

De réir cheanglais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus leagtar amach thíos anailís ar luach saothar iomlán na bhfostaithe bunaithe ar a bpointe pá amhail an 31 Nollaig dóibh siúd a thuilleann os cionn €60,000:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| €60,000 - €69,999 | 1 | 3 |
| €70,000 - €79,999 | 2 | - |
| €80,000 - €89,999 | 3 | 4 |
| €90,000 - €99,999 | 2 | 1 |
| €100,000 - €109,999 | 3 | 5 |
| €110,000 - €119,999 | 3 | 10 |
| €120,000 - €129,999 | 10 | 3 |
| €130,000 - €139,999 | 3 | 3 |
| €140,000 - €149,999 | 2 | - |
| €150,000 - *€179,000* | - | - |
| €180,000 - €189,000 | - | 1 |
| €190,000+ | 1 | - |
| | **30** | **30** |

## 14. Táillí agus speansais an bhoird

Bíonn táillí iníoctha leis na comhaltaí boird ag ráta a shonraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí ó am go chéile. De réir rialacháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus an Chóid, ní bhíonn táillí iníoctha le comhaltaí boird áirithe ar fostaithe san earnáil phoiblí iad freisin.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Aisling Kennedy | 11,970 | 7,812 |
| Clodagh Hegarty | 7,695 | 7,695 |
| Aisling McArdle | 7,695 | 7,695 |
| Conor Molloy | 2,044 | - |
| Ronan Nolan | 7,695 | 7,695 |
| Martin Sisk | - | 11,642 |
| | **37,099** | **42,539** |

Anuas air sin, thabhaigh comhaltaí boird €16,516 (2024: €13,609] san iomlán i rith na bliana ar mhaithe lena ndualgais a chur chun cinn. Áirítear leis na suimeanna sin idir speansais a íocadh go díreach le comhaltaí boird agus speansais a thabhaigh ÚMICÉ thar a gceann. Ba ionann €31,496 [2024: €34,567] san iomlán na speansais a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach, ar comhalta boird chomh maith é mar a shonraítear i Nóta 24.

## 15. Taisteal agus cothabháil

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---:|---:|
| Náisiúnta | 28,727 | 31,977 |
| Idirnáisiúnta | 80,409 | 104,785 |
| | **109,136** | **136,762** |

Áirítear leis na suimeanna sin taisteal agus cothabháil a íocadh le comhaltaí boird. Ba ionann an t-iomlán a íocadh le comhaltaí boird (seachas an Príomh - Feidhmeannach) le haghaidh taistil agus cothabhála náisiúnta i 2025 agus €110 [2024: €4,167] agus as taisteal agus cothabháil idirnáisiúnta in 2025 agus Nialas [2024: Nialas].

Áirítear le costais taistil idirnáisiúnta muirear fritháirimh carbóin €2,068 [2024: € 1,559] iníoctha leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh & an Comhshaol.

## 16. Seirbhísí sainchomhairleoireachta, dlí agus gairmiúlas

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---:|---:|
| **Seirbhísí Gairmiúla** | | |
| Seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí agus achtúireachta | 43,665 | 35,019 |
| Seirbhísí Oifigeach Cosanta Sonraí | 32,924 | - |
| Seirbhísí aistriúcháin | 3,253 | 3,480 |
| Oiliúint agus meastóireacht an bhoird | 12,604 | 6,016 |
| Cláir folláine na bhfostaithe | 1,513 | 3,841 |
| Seirbhísí brandála agus deartha | 7,005 | (4,503) |
| Tacaíocht Acmhainní Daonna | 8,619 | 23,278 |
| | **109,583** | **67,131** |
| **Sainchomhairleoireacht** | | |
| Comhairle Dhlí – Ginearálta | 35,290 | 30,966 |
| Oibreacha ailtireachta agus oibreacha gaolmhara | 27,056 | - |
| | 62,346 | 30,966 |
| **Iomlán** | **171,929** | **98,097** |

Is costais ghnáthoibre iad na costais sainchomhairleoireachta ar fad.

## 17. Caiteachas oifige – siamsaíocht/fáilteachas

Áirítear na suimeanna seo a leanas i gcaiteachas oifige dar luach €80,132 [2024: €106,569) san iomlán::

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Inmheánach** | | |
| Béilí/deochanna | 7,092 | 4,315 |
| Glan-ús infhaighte | 237 | 653 |
| **Seachtrach** | | |
| Béilí/deochanna | 6,615 | 52,686 |
| Glan-ús infhaighte | 250 | 6,280 |
| | **14,194** | **63,934** |

Áirítear leis na méideanna 2024 caiteachas € 51,534 a bhaineann le Ceardlann Cigireachta IFIAR, arna maoiniú go díreach ag IFIAR.

## 18. Luach saothair an iniúchóra

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar ráitis airgeadais na cuideachta | **17,800** | **17,800** |

Ní chuireann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste seirbhísí neamhiniúchóireachta ar fáil do ÚMICÉ agus níor chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon seirbhísí seachas seirbhísí iniúchóireachta reachtúla ar fáil i rith na bliana.

## 19. Ioncam airgeadais – anailís ar ús infhaighte

| Cuntais taisce fógra | Ciste Cúltaca<br>€ | Neamh-Chúlchiste<br>€ | Iomlán<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Oll-ús infhaighte | 1,622 | 1,799 | 3,421 | 4,197 |
| DIRT | (535) | (594) | (1,129) | (1,385) |
| Glanús infhaighte | **1,087** | **1,205** | **2,292** | **2,812** |

## 20. Réiteach barrachais don bhliain chuig glan-airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain** | **8,954** | **(6,500)** |
| Míreanna Neamh-Oibriúcháin | | |
| Lúide: Ioncam airgeadais | (2,292) | (2,812) |
| | **6,662** | **(9,312)** |
| Cuir le | | |
| (Méadú)/Laghdú i méideanna iníoctha | 75,262 | (200,130) |
| (Laghdú) ar bharrachas ioncaim tobhaigh CCFanna | (125,924) | (192,137) |
| (Laghdú) ar bharrachas ioncaim deontais na Roinne | (28,229) | (90,605) |
| Méadú ar bharrachas ioncaim tobhaigh ELP | 183,567 | 137,457 |
| Laghdú ar shuimeanna infhaighte | 68,593 | 223,450 |
| Laghdú / (Méadú) ar fhardal | 1,334 | (907) |
| (Laghdú) ar dhreasacht cíosa iarchurtha | (5,337) | (6,710) |
| Dímheas | 25,942 | 28,373 |
| | **195,208** | **(101,209)** |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **201,870** | **(110,521)** |

## 21. Anailís ar athruithe ar ghlanchistí

| | Airgead sa bhanc agus ar láimh<br>€ | Airgead tirim ar thaisce ar théarma seasta (neamh-Chúlchiste)<br>€ | Airgead tirim ar thaisce ar théarma seasta (Cúlchiste)<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2025 | 343,778 | 718,647 | 617,822 | 1,680,247 |
| Sreabhadh airgid i gcomhair na bliana | 105,710 | 1,204 | 63,439 | 170,353 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025 | **449,488** | **719,851** | **681,261** | **1,850,600** |

## 22. Cánachas

Is comhlacht neamhthráchtála stát-tionscanta é ÚMICÉ chun críocha cánach agus, dá réir, ní bhíonn ioncam ná gnóthachain chaipitiúla a thagann chun cinn, más ann dóibh, dlite i dtaobh cáin ioncaim ná cáin gnóthachan caipitiúil faoi seach. Níl díolúine ó Cháin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce ag ÚMICÉ, mar sin féin.

## 23. Ceangaltais airgeadais

### 23.1 Ceangaltais chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2025.

### 23.2 Ceangaltais chíosa

Faigheann Oifig na nOibreacha Poiblí áitreabh ÚMICÉ ar léas thar ceann an Stáit. Íocann ÚMICÉ cíos ansin as an áitreabh le hOifig na nOibreacha Poiblí, ach níor thug sé aon ghealltanas ina leith sin. Ó tharla nach bhfuil ÚMICÉ ina pháirtí sa léas, níl aon cheangaltais chíosa aige go ceann 12 mhí. Ina theannta sin, chomhdhlúthaigh ÚMICÉ isteach ar urlár amháin tar éis dhul in éag na léasanna a bhí ann cheana i mí Mheán Fómhair 2025. Ní raibh aon léas i bhfeidhm ag deireadh na bliana, ach is ionann na ceangaltais chíosa a bhfuiltear ag súil leo sa dá mhí dhéag amach romhainn, a bheidh iníoctha ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus €156,080 [2024: €258,582).

## 24. Tuarastal agus speansais an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapadh an tUasal Kevin Prendergast ina Phríomhfheidhmeannach an 14 Samhain 2016. Sonraítear a luach saothair anseo thíos. Faomhann an tAire an méid le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí Ní raibh an Príomhfheidhmeannach i dteideal táille bhoird a fháil. Tá an tUasal Prendergast fós ina chomhalta de Scéim Pinsin na Státseirbhíse. Léiríonn a bhfuil roimhe seo pacáiste luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh don tréimhse.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal comhlán | 191,303 | 185,266 |
| | **191,303** | **185,266** |

Is stiúrthóir *ex officio* den chomhlacht é an Príomhfheidhmeannach. Nochtar anseo a leanas na speansais a thabhaigh an Príomhfheidhmeannach go díreach agus é i mbun a dhualgas agus/nó a thabhaigh ÚMICÉ thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh.

| | 2025<br>€ | 2024<br>€ |
|---|---|---|
| Comhaltais ghairmiúla | 2,296 | 2,241 |
| Taisteal agus cothabháil, táillí eitilte ina measc | 26,205 | 28,642 |
| Costais fóin póca | 383 | 242 |
| Oiliúint | 1,226 | 2,297 |
| Costais theagmhasacha | 1,386 | 1,145 |
| | **31,496** | **34,567** |

## 25. Idirbhearta le páirtithe gaolmhara

### 25.1 Stiúrthóirí

Leagtar amach sonraí na n-íocaíochtaí ar fad a rinneadh le stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ÚMICÉ agus an Príomhfheidhmeannach i nótaí 14 agus 24 faoi seach. Ní raibh aon idirbhearta eile leis na stiúrthóirí i rith na bliana [2024: nialas], agus ní raibh aon iarmhéid gan íoc ar an dáta tuairiscithe (iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024: nialas].

### 25.2 An príomhphearsanra bainistíochta

Is ar an mbord stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, is stiúrthóir freisin é, atá an fhreagracht eisiach gníomhaíochtaí pleanála, stiúrtha agus rialaithe ÚMICÉ a dhéanamh. Mar a tugadh le fios thuas, leagtar amach na híocaíochtaí ar fad a rinneadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i nótaí 14 agus 24 faoi seach.

### 25.3 Páirtithe gaolmhara eile

Ní raibh aon idirbheart páirtí ghaolmhair eile i rith 2025 ná 2024, agus ní raibh aon suim gan íoc ag deireadh ceachtar bliain.

## 26. Comhaltaí boird – nochtadh idirbheart

De réir an Chóid, tá cód iompair gnó i bhfeidhm ag ÚMICÉ do na comhaltaí boird. Áirítear sa chód iompair gnó treoir maidir le nochtadh leasanna comhaltaí boird agus chloígh an bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana a phléitear sna ráitis airgeadais seo. I rith na bliana faoi athbhreithniú, ní raibh aon idirbheart airgeadais le stiúrthóirí seachas íoc na dtáillí agus na speansas bord a shonraítear i Nóta 14. Níor nocht aon chomhalta boird leas airgeadais i rith 2025.

## 27. Na Ráitis Airgeadais a Fhaomhadh

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh iad lena n-eisiúint an 26 Bealtaine 2026.

# Aguisíní



# Aguisín I

## Comhaltaí an Bhoird ag deireadh na bliana agus athruithe ar chomhdhéanamh ón tuarascáil bhliantúil deiridh

**Comhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2025**

| Comhalta Boird | Slí bheatha | Comhlacht ainmniúcháin | Dáta ceaptha |
|---|---|---|---|
| **Aisling Kennedy (Cathaoirleach)** | Stiúrthóir | An tAire | 10 Nollaig 2020 |
| **Sandra Davey** | Príomhoifigeach | Na Coimisinéirí Ioncaim | 26 Bealtaine 2022 |
| **Clodagh Hegarty*** | Léachtóir | CCFanna | 30 Bealtaine 2020 |
| **David Hegarty** | Stiúrthóir Dlí & Beartas, ÚFC | An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 03 Eanáir 2020 |
| **Aisling McArdle** | Ceann Rialacháin, Euronext Dublin | Stocmhalartán na hÉireann | 29 Lúnasa 2019 |
| **Aisling Menton** | Ceannasaí na Rannóige Feidhme, Creidmheas Miondíola sna Bainc Intíre agus Creidmheas Miondíola | An Banc Ceannais | 17 Deireadh Fómhair 2025 |
| **Conor Molloy*** | Stiúrthóir | An tAire | 26 Meán Fómhair 2025 |
| **Ronan Nolan*** | Cuntasóir Cairte | CCFanna | 30 Bealtaine 2020 |
| **Kevin Prendergast*** | Príomhfheidhmeannach | Ex-officio | 14 Samhain 2016 |

*Léiríonn ballraíocht i CCF

**Sonraí faoi cheapacháin agus athcheapacháin chuig an mbord i rith na bliana**

| Stiúrthóir | Dáta ceapacháin/ athcheapacháin | Comhlacht ainmniúcháin | Cúis an fholúntais | Téarma in éag |
|---|---|---|---|---|
| **Aisling Menton** | 17 Deireadh Fómhair 2025 | An Banc Ceannais | Éirí as Eida Mullins Uasal | 02 Eanáir 2029 |
| **Conor Molloy*** | 26 Meán Fómhair 2025 | | Ceapachán Aisling Kennedy mar Chathaoirleach ag an Aire | 09 Nollaig 2028 |

**Sonraí faoi dhaoine a d'éirí as a ról boird i rith na bliana (seachas de bharr Barántas Ceapacháin a dhul in éag)**

| Stiúrthóir | Dáta ceapacháin/ athcheapacháin | Comhlacht ainmniúcháin | Cúis an fholúntais | An téarma in éag |
|---|---|---|---|---|
| **Eida Mullins** | 16 Meán Fómhair 2022 | An Banc Ceannais | Éirí as | 17 Iúil 2025 |

# Aguisín II

## CCFanna faoi shainchúram ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2025 agus tuarascálacha arna n-eisiúint chuig CCFanna le linn 2025

### CCFanna faoi shainchúram ÚMICÉ

| CCF | Ainm | RAB |
|---|---|---|
| CCDC | Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte | ✔ |
| CCI | Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta | |
| ICCB | Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta | |
| ICAPC | Institiúid Cairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta | |
| ICCÉ | Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn | ✔ |

### Tuarascálacha arna n-eisiúint chuig CCFanna le linn 2025

| CCF | An fheidhm rialála a ndearnadh athbhreithniú uirthi |
|---|---|
| CCDC | Tuarascáil théamach ar Rialachas Creataí Rialála |
| CCI | Tuarascáil théamach ar Rialachas Creataí Rialála |
| ICCB | Tuarascáil théamach ar Rialachas Creataí Rialála |
| ICAPC | Tuarascáil théamach ar Rialachas Creataí Rialála |
| ICCÉ | Tuarascáil théamach ar Rialachas Creataí Rialála |
| CCDC | Tuarascáil ar phróiseas ACCA um Imscrúdú agus Araíonacht 2025 |
| ICCÉ | Tuarascáil ar phróiseas ICAI um Imscrúdú agus Araíonacht 2025 |

# Aguisín III

## Eisitheoirí atá laistigh de shainchúram forfheidhmithe tuairiscithe corparáideach ÚMICÉ

Seo a leanas na heisitheoirí a thagann faoi chúram forfheidhmiúcháin tuairiscithe corparáidigh ÚMICÉ, mar a thug Banc Ceannais na hÉireann comhairle don Údarás, ar an 31 Nollaig 2025:

| Eisitheoirí cothromais | |
|---|---|
| 1. | AIB Group plc * |
| 2. | Bank of Cyprus Holdings plc * |
| 3. | Bank of Ireland Group plc * |
| 4. | Cairn Homes plc |
| 5. | FBD Holdings plc * |
| 6. | Glanbia plc * |
| 7. | Glenveagh Properties plc * |
| 8. | Hammerson plc |
| 9. | Hostelworld Group plc |
| 10. | Irish Continental Group plc |
| 11. | Irish Residential Properties REIT plc |
| 12. | Kenmare Resources plc * |
| 13. | Kerry Group plc * |
| 14. | Kingspan Group plc * |
| 15. | Permanent TSB Group Holdings plc * |
| 16. | Ryanair Holdings plc * |

| Eisitheoirí ciste iata | |
|---|---|
| 1. | Crown Asia-Pacific Private Equity III plc |
| 2. | Crown Asia-Pacific Private Equity IV plc |
| 3. | Crown Co-Investment Opportunities II plc |
| 4. | Crown Global Secondaries IV plc |
| 5. | Crown Global Secondaries V Feeder plc |

| Eisitheoirí fiachais | |
|---|---|
| 1. | Aercap Global Aviation Trust |
| 2. | Alperia S.p.A |
| 3. | Amethyst Structured Finance plc |
| 4. | Amundi Physical Metals plc |
| 5. | Argentum Capital S.A. |
| 6. | Bankinter International Notes S.àr.l. |
| 7. | Barclays Bank plc * |
| 8. | Barclays Bank Ireland plc |
| 9. | BBVA Global Markets B.V. |
| 10. | Beechwood Structured Finance plc |
| 11. | Benbulbin Capital plc |
| 12. | DB ETC plc |
| 13. | Delamare Finance plc |
| 14. | EdR Certified Origin Physical Gold plc |
| 15. | Eirles One DAC |
| 16. | Eirles Three DAC |
| 17. | Eperon Finance plc |
| 18. | Espaccio Securities plc |
| 19. | Freshwater Finance plc |
| 20. | Gold Bullion Securities Limited |
| 21. | Graniteshares Financial plc |
| 22. | Greenstreet Structured Financial Products plc |
| 23. | HANetf ETC Securities plc |
| 24. | Harp Issuer plc |
| 25. | Invesco Physical Markets plc |

| Eisitheoirí fiachais | |
|---|---|
| 26. | Investec Bank plc |
| 27. | Ipanema Capital plc |
| 28. | Ishares Physical Metals plc |
| 29. | Italian Wine Brands S.p.A |
| 30. | Juturna (European Loan Conduit No. 16) plc |
| 31. | KraneShares ETC plc |
| 32. | Land Securities Capital Markets plc |
| 33. | Leverage Shares plc |
| 34. | Lunar Funding V plc |
| 35. | Magellan Mortgages No. 3 plc |
| 36. | MBA Community Loans plc |
| 37. | Minerva Lending plc |
| 38. | Nimrod Capital plc |
| 39. | Opal Financial Products plc |
| 40. | Petra Diamonds US$ Treasury plc |
| 41. | Profile Finance plc |
| 42. | Recolte Securities plc |
| 43. | Santander International Products plc |
| 44. | Silverstate Financial Investments plc |

| Eisitheoirí fiachais | |
|---|---|
| 45. | The Ultima Structured Products plc (formerly Brokercreditservice Structured Products plc) |
| 46. | Vermillion Protective Bond Portfolio plc |
| 47. | Vespucci Structured Financial Products plc |
| 48. | Vigado Capital plc |
| 49. | Voyce Investments plc |
| 50. | Waterford Capital Investments plc |
| 51. | Waves Financial Investments plc |
| 52. | Wisdomtree Commodity Securities Limited |
| 53. | Wisdomtree Foreign Exchange Limited |
| 54. | Wisdomtree Hedged Commodity Securities Limited |
| 55. | Wisdomtree Hedged Metal Securities Limited |
| 56. | Wisdomtree Metal Securities Limited |
| 57. | Wisdomtree Multi Asset Issuer plc |
| 58. | Xtrackers ETC plc |
| 59. | Xtrackers (Jersey) ETC plc |
| 60. | Zipa Precious Metals plc |

* Tá an 12 eisitheoir seo faoi shainchúram tuairiscithe inbhuanaitheachta ÚMICÉ chomh maith amhail an 31 Nollaig 2025.

# Aguisín IV

## Tuarascálacha corparáideacha ó eisitheoirí arna scrúdú ag Maoirseacht ar Thuairisciú Corparáideach le linn 2025

### Tuarascálacha eisitheoirí cothromais a scrúdaíodh in 2025

| Eisitheoir | Cineál tuarascála | Cineál scrúdaithe | Dáta tuairiscithe |
|---|---|---|---|
| **Bank of Cyprus Holdings Plc** | Bliantúil | Idirghníomhach dírithe | 31-Noll-2024 |
| **Bank of Ireland Group plc** | Bliantúil | Idirghníomhach gan teorainn | 31-Noll-2024 |
| **Cairn Homes plc** | Bliantúil | Idirghníomhach gan teorainn | 31-Noll-2024 |
| **FBD Holdings plc** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Glanbia plc** | Bliantúil | Idirghníomhach dírithe | 30-Noll-2023 |
| **Glanbia plc** | Bliantúil | Leantach | 04-Ean-2025 |
| **Glenveagh Properties plc** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Hammerson plc** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Hostelworld Group plc** | Bliantúil | Leantach agus Idirghníomhach dírithe | 31-Noll-2024 |
| **Kenmare Resources plc** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Kerry Group plc** | Leathbhliantúil | Idirghníomhach dírithe | 30-Mei-2025 |
| **Kingspan Group plc** | Bliantúil | Idirghníomhach dírithe | 31-Noll-2023 |
| **Kingspan Group plc** | Bliantúil | Leantach agus dírithe ar an Deasc | 31-Noll-2024 |
| **Permanent TSB Holdings plc** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Permanent TSB Holdings plc** | Leathbhliantúil | Idirghníomhach dírithe | 30-Mei-2025 |

### Tuarascálacha eisitheoirí cisti aonaid a scrúdaíodh in 2025

| Eisitheoir | Cineál tuarascála | Cineál scrúdaithe | Dáta tuairiscithe |
|---|---|---|---|
| **Crown Asia-Pacific Private Equity IV plc** | Bliantúil | Idirghníomhach gan teorainn | 31-Noll-2024 |

**Tuarascálacha eisitheoirí fiachais a scrúdaíodh in 2025**

| Eisitheoir | Cineál tuarascála | Cineál scrúdaithe | Dáta tuairiscithe |
|---|---|---|---|
| **Argentum Capital S.A.** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Barclays Bank plc** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Delamare Finance plc** | Bliantúil | Leantach | 25-Feabhra-2025 |
| **Eirles One DAC** | Bliantúil | Idirghníomhach gan teorainn | 31-Noll-2023 |
| **Eirles One DAC** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Freshwater Finance plc** | Bliantúil | Idirghníomhach gan teorainn | 31-Noll-2023 |
| **Freshwater Finance plc** | Bliantúil | Leantach | 31-Noll-2024 |
| **Graniteshares Financial plc** | Bliantúil | Leantach | 30 - Meitheamh -2024 agus 30 - Meitheamh -2025 |
| **Juturna (European Loan Conduit No. 16) plc** | Bliantúil | Leantach | 30-Mei-2024 |
| **Petra Diamonds US$ Treasury plc** | Bliantúil | Idirghníomhach gan teorainn | 30-Mei-2024 |
| **Xtrackers (Jersey) ETC plc** | Bliantúil | Idirghníomhach gan teorainn | 31-Noll-2024 |

# Aguisín V

## Gnólachtaí iniúchóireachta agus soláthraithe um dhearbhú inbhuanaitheachta a ndearnadh cigireacht orthu in 2025

| Iniúchóirí agus soláthraithe ELP um dhearbhú inbhuanaitheachta | Líon na gcigireachtaí comhad | |
|---|---|---|
| | **Iniúchadh** | **Inbhuanaitheacht** |
| Baker Tilly | 1 | 1 |
| BDO | 2 | - |
| Deloitte | 4 | 1 |
| DMQ | 1 | - |
| EY | 4 | 1 |
| Grant Thornton | 3 | 1 |
| KPMG | 4 | 1 |
| Mazars | 3 | 1 |
| PricewaterhouseCoopers | 4 | 1 |
| **Iomlán** | **26** | **7** |

# Aguisín VI

## Foilseacháin arna n-eisiúint ag ÚMICÉ le linn 2025

### Foilseacháin Chorparáideacha agus Foilseacháin Ghinearálta

- Tuarascáil Bhliantúil 2024
- Clár Bliantúil Iniúchóireachta agus Tuarascáil ar Ghníomhaíocht 2024
- Obair Clár ÚMICÉ 2026-2028
- Beartas Comhairliúcháin ÚMICÉ

### Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúchóireachta

- Tuarascálacha Athbhreithnithe ar Dhearbhú Cáilíochta 2024
- IFRS 17 Príomhtheachtaireachtaí d'Iniúchóirí
- Nochtuithe ar iniúchóireacht ráitis airgeadais
- Iniúchadh ar Pháirtithe gaolmhara

### Creat Iniúchóireachta

- Caighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí (Éire)
- Gluais na dTéarmaí
- CII (Éire) 260 Cumarsáid leo siúd a bhfuil Rialachas mar Chúram Orthu
- CII (Éire) 570 Gnóthas Leantach
- ISA (Éire) 600 ar Ráitis Airgeadais an Ghrúpa (lena n-áirítear Obair Iniúchóirí Comhpháirte)
- CII (Éire) 700 Teacht ar Thuairim agus Tuairisciú a Dhéanamh ar Ráitis Airgeadais
- CII (Éire) 701 Ag Cur Príomhnithe Iniúchta in iúl i dTuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách
- ISA (Éire) 720 Freagrachtaí an Iniúchóra a Bhaineann le hEolas Eile
- Coimre de Thuarascálacha an Iniúchóra Léirithigh
- Páipéar aiseolais ar Comhairliúcháin ar Chaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí (Éire)
- Bileog Eolais ar phríomhathrithe ar Chaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí (Éire)
- Fiseán míniúcháin ar phríomhathrithe ar Chaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí (Éire)

### Maoirseacht ar Thuairisciú Corparáideach

- Toradh na scrúduithe ráitis airgeadais a críochnaíodh in 2024
- Cinneadh maidir le tuairisciú airgeadais – Kenmare Resources plc
- Cinneadh tuairiscithe airgeadais – Glanbia plc
- Páipéar comhairliúcháin – athbhreithnithe molta ar pháipéar beartais foilseacháin agus nuashonrú air
- Cinntí tuairiscithe airgeadais – Kingspan
- Gníomhaíochtaí forfheidhmithe tuairiscithe airgeadais: 2024 agus 2023
- Téamach – Maoiniú atá nasctha le hinbhuanaitheacht
- Tuairimí ar shaincheisteanna roghnaithe maidir le tuairisciú airgeadais – blianta dar chríoch an 31 Nollaig 2025 nó dá éis
- Téamach – tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach– Barúlacha ÚMICÉ

**Maoirseacht ar Chomhlachtaí Gairmiúla**

- Profile of the Profession 2024
- Rialachas Creataí Rialála CCFanna - ÚMICÉ
- Profile of the Profession - Bileog Eolais
- Bileog Eolais ar Rialachas Creataí Rialála CCFanna

**Insights Podcast - ÚMICÉ**

- Eipeasóid 1: Tuarascálacha ÚMICÉ ar Dhearbhú Cáilíochta
- Eipeasóid 2: Profile of the Profession
- Eipeasóid 3: Tuiscint ar Chlár Bliantúil Iniúchóireachta agus Tuarascáil ar Ghníomhaíocht
- Eipeasóid 4: Doiciméad Barúlacha um Thuairisciú Corparáideach

# Aguisín VII

## Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide

Éilíonn Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí ceannaireacht a léiriú i ngníomhaíocht ar son na haeráide trí na gníomhartha atá leagtha amach sa Sainordú a ghlacadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu. Ghlac ÚMICÉ le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus thug sé faoi na gníomhartha seo a leanas chun a riachtanais a chomhlíonadh. I gcás nárbh fhéidir comhlíonadh iomlán a dhéanamh, thug ÚMICÉ míniú sa cholún 'stádas in 2025'.

| Gníomhartha sa sainordú | Gníomhartha ÚMICÉ | Stádas in 2025 |
|---|---|---|
| **Ár Spriocanna** | | |
| Astuithe a bhaineann le cúrsaí fuinnimh GCT a laghdú faoi 51% in 2030<br><br>Feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí faoi 2030 | Lorg oifige a laghdú faoi 50% trí aistriú ó dhá urlár go hurlár amháin | Ag deireadh na bliana, d'aistrigh ÚMICÉ an fhoireann go léir go dtí urlár amháin i dTeach na Sailí |
| An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú go bliantúil laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide | Athbhreithniú le déanamh ar an treochlár um ghníomhú ar son na haeráide gach aon bhliain | Rinneadh an treochlár a nuashonrú i mí Dheireadh Fómhair 2025 |
| **Ár nDaoine** | | |
| Foirne Glasa a bhunú agus acmhainní a sholáthar dóibh, tuairisciú leis an mbainistíocht shinsearach, go ndéanfar tiománaithe comhtháite na hinbhuanaitheachta díobh i ngach comhlacht earnála poiblí | Foireann Ghlas bunaithe, ag tuairisciú don Cheannasaí Forbartha Eagrúcháin | Bhí an Fhoireann Ghlas i mbun oibre agus tháinig na baill le chéile go rialta i rith 2025 |
| Ball den Bhord Bainistíochta a ainmniú mar Sheaimpín na hAeráide agus Inbhuanaitheachta chun a bheith freagrach as an Sainordú a chur i bhfeidhm agus as tuairisciú a dhéanamh air | An Príomhfheidhmeannach le bheith ina Sheaimpín na hAeráide agus Inbhuanaitheachta | Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar Sheaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta ÚMICÉ |
| Gníomhú cuí ar son na haeráide agus oiliúint chuí inbhuanaitheachta (teicniúil agus iompraíochta) a chuimsiú isteach i straitéisí foghlama agus forbartha don fhoireann | Caithfidh gach ball den Fhoireann Ghlas Clár Oiliúna ar Líne na Foirne Glasa a chríochnú | Chríochnaigh ball amháin den Fhoireann Ghlas an oiliúint seo le linn 2025 |

| Gníomhartha sa sainordú | Gníomhartha ÚMICÉ | Stádas in 2025 |
|---|---|---|
| Ceardlanna foirne a eagrú (go bliantúil ar a laghad) le dul i ngleic le saincheisteanna aeráide, lena n-áirítear díriú ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú | Eagróidh an Fhoireann Ghlas imeachtaí foirne maidir le saincheisteanna aeráide, ar bhonn bliantúil ar a laghad | D'eagraigh an Fhoireann Ghlas siopa babhtála, chomh maith le béim a chur ar phríomhlaethanta inbhuanaitheachta domhanda don fhoireann le linn 2025 |
| A chinntiú go dtugann an Bhainistíocht Shinsearach go léir (leibhéal príomhoifigigh nó a chomhionann agus os a chionn) agus baill na mBord Stáit faoi chúrsa oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide | Gach Foireann Ceannaireachta Ardbhainistíochta le páirt a ghlacadh i gcúrsa oiliúna ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide faoi R1 2025 | Oiliúint ábhartha curtha i gcrích ag Príomhoifigigh agus os a chionn i Ráithe 1 2025 |
| **Ár Slí Oibre** | | |
| Tuairisc a thabhairt ar na nithe seo a leanas sa Tuarascáil Bhliantúil:<br>• Astuithe GCT<br>• Cur i bhfeidhm an tsainordaithe<br>• Tuairisc maidir le gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta<br>• I gcomhréir le Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh<br><br>Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a úsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceanglas sainordaithe | Faisnéis trasna le tuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil<br>Ní féidir le ÚMICÉ a astaíochtaí GCT a thuairisciú go cruinn, toisc gur tionónta é laistigh d'fhoirgneamh atá ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ag áitiú ceann dá trí urlár gan aon mhéadrú ar leith i bhfeidhm chun méadrachtaí a bhaineann go sonrach leis an urlár a shainaithint<br>Ní thagann ÚMICÉ laistigh den sainmhíniú ar chomhlacht poiblí chun críocha na ngníomhartha ábhartha carbóin agus fuinnimh agus dá bhrí sin, níl PSO_ID aige le haghaidh clárú ar Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe ÚFIÉ | Nochtar faisnéis ábhartha i gCaibidil 9, san Fhoscríbhinn seo, agus sna ráitis airgeadais |
| Deimhniú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach do chomhlachtaí móra san earnáil phoiblí [...] | Ní comhlacht mór san earnáil phoiblí é ÚMICÉ | N/Bh, mar atá thall |
| Soláthar poiblí glas a chur chun feidhme i gcomhréir le sainordú cur chun feidhme an tsoláthair phoiblí ghlais<br><br>Cloí leis an gCiorclán atá le foilsiú ag RCPA maidir le hoibleagáidí nua soláthair Phoiblí Ghlais | Cuireann ÚMICÉ beartais um sholáthar poiblí glas i bhfeidhm agus tairiscintí á bhforbairt | Tá critéir inbhuanaitheachta san áireamh i dtairiscintí ÚMICÉ i gcás nach n-úsáideann ÚMICÉ creat na hOifige um Sholáthar Rialtais ina n-ionchorpraítear ceanglais soláthair ghlais |

| Gníomhartha sa sainordú | Gníomhartha ÚMICÉ | Stádas in 2025 |
|---|---|---|
| Sonraigh modhanna tógála ísealcharbóin<br>Cloí le treoirlínte dea-chleachtais chun Pleananna Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola a ullmhú don tógáil<br>A chinntiú go bhfuil cion íosta d'ábhair thógála a sholáthraítear comhdhéanta d'ábhair athchúrsáilte | Is tionónta é ÚMICÉ i bhfoirgneamh atá ar léas ag OOP. Tá OOP freagrach as aon tionscadail tógála a dhéantar thar ceann ÚMICÉ. Lorgóidh ÚMICÉ dearbhú ón OOP maidir le modhanna ísealcharbóin má thugann sí faoi thionscadal tríd an OOP | Níor tharla aon tionscadal tógála in 2025 |
| Tá 10% ar a laghad de réir luach an bhia atá á lorg faoi shocruithe nua conartha le deimhniú go bhfuil sé orgánach i gcatagóirí ábhartha<br>An dramhaíl bia a ghintear ar áitribh a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh uirthi trí úsáid a bhaint as cur chuige caighdeánaithe a leagtar amach i dtreoir na hearnála poiblí de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil<br>Gach socrú conartha nua a bhaineann le ceaintín nó seirbhísí bia, lena n-áirítear imeachtaí agus comhdhálacha, chun bearta a áireamh atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhramhaíl bia | Ní fheidhmíonn ÚMICÉ ceaintín ná seirbhísí bia eile<br>Sa chás go bhfaigheann ÚMICÉ bia d'imeachtaí, iarrann sé go gcinntíonn an soláthraí seirbhíse go bhfuil 10% de luach bia orgánach agus go ndéanann sé bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhramhaíl bia a chosc agus a dheighilt | Gníomhaíocht thall curtha i bhfeidhm i rith 2025 |
| Deimhnítear 80% ar a laghad de tháirgí úsáideora deiridh TFC a sholáthraítear de réir Chaighdeán Óir EPEAT, Deimhnithe TCO nó déanfar iad a athmhonarú | Soláthraíonn ÚMICÉ trealamh TFC faoin gcreat OSR. Tá gach soláthar den sórt sin cáilithe réalta fuinnimh agus Caighdeán Óir EPEAT (2018) cláraithe | Gníomhaíocht thall curtha i bhfeidhm le linn 2025 |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phróisis atá bunaithe ar pháipéar, agus measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le digitiú ionas go mbeidh sé ina chur chuige réamhshocraithe.<br>Deireadh a chur le próisis atá bunaithe ar pháipéar chomh fada agus is féidir.<br>Nuair is gá páipéar oifige le haghaidh priontála agus fótachóipeála a fháil, ní mór 100% den pháipéar a athchúrsáil ar pháipéar<br>Tomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar thomhaltas páipéir | Feidhmíonn ÚMICÉ beartas oifige gan pháipéar<br>Is páipéar athchúrsáilte an páipéar oifige ar fad a sholáthraítear | Gníomhaíochtaí thall a cuireadh i bhfeidhm le linn 2025 |

| Gníomhartha sa sainordú | Gníomhartha ÚMICÉ | Stádas in 2025 |
|---|---|---|
| Pointí athlíonta oiriúnacha d'uisce óil a chur ar fáil don fhoireann go léir agus in aon áitreabh inrochtana don phobal<br>Úsáid uisce na heagraíochta ina hiomláine a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air | Tá stáisiúin athlíonta uisce suiteáilte ag ÚMICÉ ina oifig de chuid an Náis<br>Tá idirchaidreamh déanta ag ÚMICÉ leis an OOP faoin bhféidearthacht go ndéanfadh an tiarna talún méadair a shuiteáil | Gníomhaíochtaí thall a cuireadh i bhfeidhm le linn 2025 |
| Scoir de chupáin, plátaí agus sceanra indiúscartha a úsáid ó aon bhialann earnála poiblí nó ó áiseanna dúnta agus i bhfógraíocht atá maoinithe go poiblí<br>Deireadh a chur le gach mír aon úsáide laistigh den eagraíocht agus ó imeachtaí arna n-eagrú, arna maoiniú agus arna n-urrú | Tá beartas glactha ag ÚMICÉ chun míreanna aon úsáide a sheachaint le haghaidh gach teagmhais inmheánaigh agus sheachtraigh.<br>Ní cheannaíonn ÚMICÉ cupáin, plátaí agus sceanra indiúscartha | Gníomhaíochtaí thall a cuireadh i bhfeidhm le linn 2025 |
| Tacú le tionscnaimh freagrachta táirgeoirí na hÉireann maidir le bailiú agus athchúrsáil táirgí<br>Seirbhísí bailithe dramhaíola ar conradh atá deighilte ina 3 shruth ar a laghad agus monatóireacht a dhéanamh ar mheáchain a bhailítear | Cuireann ÚMICÉ áiseanna athchúrsála dramhaíola ar fáil don fhoireann, ag scaradh dramhaíola, athchúrsála, gloine agus buidéil Re-Turn<br>Ní fhostaíonn ÚMICÉ seirbhísí bailithe dramhaíola go díreach, ag brath ar an tiarna talún le haghaidh seirbhísí den sórt sin. Tá teagmháil déanta ag ÚMICÉ leis an OOP maidir leis an bhféidearthacht go n-áiritheodh an tiarna talún leithscaradh dramhaíola | Gníomhaíocht thall curtha i bhfeidhm le linn 2025 |
| **Ár gcuid Foirgneamh agus Feithiclí** | | |
| Úsáid rothar agus roghanna soghluaisteachta comhroinnte a chur chun cinn<br>mar mhalairt ar ghluaisteáin a úsáid i measc fostaithe agus cuairteoirí trí áiseanna a chruthú agus a chothú (taobh istigh agus amuigh d'fhoirgnimh)<br>a thacaíonn le roghanna amhail páirceáil shlán agus inrochtana do rothair agus stáisiúin luchtaithe, de réir mar is cuí | Feidhmíonn ÚMICÉ patrún cianoibre den chuid is mó<br>Feidhmíonn ÚMICÉ an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus tá páirceáil do rothair i bhfeidhm lasmuigh d'oifigí ÚMICÉ<br>Níl aon údarás ag ÚMICÉ stáisiúin ríomhluchtaithe a shuiteáil i bhfianaise a stádais mar thionónta i bhfoirgneamh | Cuireadh na gníomhaíochtaí thall i bhfeidhm le linn 2025 |

| Gníomhartha sa sainordú | Gníomhartha ÚMICÉ | Stádas in 2025 |
|---|---|---|
| Deireadh a chur le páirceáil a úsáid i bhfoirgnimh a bhfuil teacht acu ar réimse seirbhísí iompair phoiblí agus ar roghanna soghluaisteachta gníomhaí/comhroinnte d'fhormhór na foirne/na gcuairteoirí agus a chinntiú go gcuirtear páirceáil dhóthanach inrochtana ar fáil dóibh siúd a bhfuil saincheisteanna soghluaisteachta fisiciúla acu. | Feidhmíonn ÚMICÉ patrún cianoibre den chuid is mó agus mar sin bíonn líon teoranta turas cairr laethúla ann.<br><br>Ní mheasann ÚMICÉ go bhfuil sé indéanta deireadh a chur de réir a chéile leis an úsáid uile a bhaintear as páirceáil i bhfianaise na roghanna teoranta iompair phoiblí atá ar fáil chun na hoifigí | N/Bh, mar atá thall |
| Deimhniú Taispeána Fuinnimh cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh poiblí atá oscailte don phobal le húsáid fuinnimh a thaispeáint go soiléir. | Níl ÚMICÉ oscailte don phobal | N/Bh, mar atá i gceist thall |
| Ní shuiteálfaidh an earnáil phoiblí córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise tar éis 2023 (1) i bhfoirgnimh nua, agus (2) i dtionscadail iarfheistithe "mór-athchóirithe".[...] | Is tionónta de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí é ÚMICÉ, agus tá sé faoi réir threoirlínte OOP sa réimse seo | N/Bh, mar atá i gceist thall |
| Áirítear leis na tairiscintí uile maidir le soláthar poiblí táirgí a bhaineann le fuinneamh, trealamh téimh, nó soilsiú laistigh agus lasmuigh ceanglas ar thairgeoirí moltaí agus roghanna a shonrú don táirge, nuair a thagann táirge nó comhpháirteanna an táirge chun deiridh, breithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, lena n-áirítear roghanna maidir le hathúsáid, deisiú agus athchúrsáil. Cloí le IR 626 de 2016 chun táirgí cláraithe Chlár EEE nó a choibhéis a fháil | I gcás ina ndéanann ÚMICÉ conarthaí chun aon táirgí, trealamh téimh nó soilsiú a bhaineann le fuinneamh a fháil, áiritheoidh sé go n-áireofar sa tairiscint ceanglas ar thairgeoirí moltaí agus roghanna a shonrú don táirge ag deireadh an tsaoil, lena n-áirítear athúsáid, deisiú agus athchúrsáil. | Ní dhearnadh aon chonarthaí ábhartha le linn 2025 |

| Gníomhartha sa sainordú | Gníomhartha ÚMICÉ | Stádas in 2025 |
|---|---|---|
| Caithfidh gach tairiscint le haghaidh soláthar poiblí seirbhísí glantacháin faoi dhíon ceanglas a chur san áireamh do thairgeoirí an oiliúint a chuirfear i bhfeidhm a shonrú chun a chinntiú go mbeidh an t-eolas agus na scileanna ag gach ball foirne a bhfuil baint acu le seachadadh an chonartha chun modhanna glantacháin a chur i bhfeidhm, rud a laghdóidh tionchar comhshaoil na seirbhísí | Nuair a fhostaíonn ÚMICÉ seirbhísí glantacháin, áireofar ann ceanglas ar thairgeoirí an oiliúint a chuirfear i bhfeidhm a shonrú chun a chinntiú go mbeidh an t - eolas agus na scileanna ag gach ball foirne a bhfuil baint acu le seachadadh chun modhanna glantacháin a chur i bhfeidhm a laghdaíonn tionchar comhshaoil na seirbhísí. | Níor tugadh faoi aon soláthar ábhartha le linn 2025 |
| Pleananna stoic foirgníochta – ba chóir do gach comhlacht poiblí nach bhfuil Plean Stoic Foirgníochta chéim 1 curtha i gcrích acu go fóill é sin a dhéanamh agus é a chur faoi bhráid ÚMICÉ. Ba chóir do chomhlachtaí poiblí a bhfuil Plean Stoic Foirgníochta curtha i gcrích acu é a nuashonrú go rialta, gach dhá bhliain ar a laghad. Moltar do chomhlachtaí poiblí a gcuid Pleananna Stoic Foirgníochta a chur san áireamh ina dTreochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide | Is tionónta de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí é ÚMICÉ, agus tá sé faoi réir threoirlínte OOP sa réimse seo | Níl ach urlár amháin d'fhoirgneamh amháin ag ÚMICÉ anois i dTeach na Sailí, an Nás, agus é ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP). |
| Tá Ceannairí Punainne Eastáit Náisiúnta cuntasach as spriocanna fuinnimh laistigh dá n-earnálacha agus as conairí a fhorbairt chun na spriocanna seo a bhaint amach [...] | Is tionónta de chuid OOP é ÚMICÉ, agus tá sé faoi réir threoirlínte OOP sa réimse seo | N/Bh, mar atá i gceist thall |
| Ba cheart do chomhlachtaí beaga san earnáil phoiblí anailís nó ráiteas bunúsach ar an stoc foirgníochta a chur san áireamh mar chuid dá dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, de réir na treorach atá foilsithe ag ÚFIÉ | Cuirfear ráiteas san áireamh i dTreochlár ÚMICÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide | Ráiteas san áireamh i dTreochlár ÚMICÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2025 |
| Gan ach feithiclí astaíochtaí nialasacha a sholáthar (a cheannach nó a léasú) [...] | Ní cheannaíonn ÚMICÉ feithiclí | N/Bh, mar atá thall |

# Aguisín VIII

## Ualach Riaracháin a Laghdú

Mar ghníomhaireacht faoi choimirce na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, tacaíonn ÚMICÉ leis an iarracht an t-ualach riaracháin agus rialála ar ghnólachtaí a laghdú, mar a d'fhógair an tAire Peter Burke in 2025. Go háirithe, iarradh ar rialtóirí aird a thabhairt ar phrionsabail na Rialála Níos Fearr. D'iarr an tAire chomh maith go dtabharfadh gníomhaireachtaí breac-chuntas ar leithligh ar shonraí na hoibre a rinneadh chun an t-ualach sin a laghdú ina dTuarascálacha Bliantúla 2025.

## Rialáil Níos Fearr

I measc na bprionsabal um Rialáil Níos Fearr tá gníomhaíochtaí a bhfuil an fhianaise is fearr atá ar fáil mar bhonn eolais fúithi, rud a chinntíonn go bhfuil rialáil simplí, éifeachtach, éifeachtúil, comhleanúnach agus curtha chun feidhme i gceart, a laghdú - ró-oifigiúlachas, cinnteoireacht oscailte agus thrédhearcach, agus rannchuidiú le beartas agus reachtóireacht a cheadú.

## Ár gcur chuige

Tá samhail rialála ÚMICÉ comhréireach agus bunaithe ar riosca. Agus sonraí struchtúrtha agus ualuithe riosca á n-úsáid againn, lena n-áirítear méid an eintitis, tugaimid tús áite d'eintitis agus do shaincheisteanna ardriosca, ag cothú comhréireachta inár gcuid oibre ó roghnú go forfheidhmiú. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas acmhainní a dhíriú ina gcuireann siad an luach is mó ar gheilleagar na hÉireann, agus ag an am céanna ualach neamhriachtanach a íoslaghdú in áiteanna eile.

Tacaímid le comhlíonadh trí fhaisnéis shoiléir inrochtana agus trí rannpháirtíocht. Mar shampla, comhdhlúthaíonn ár leathanach gréasáin um chaighdeáin thiomnaithe riachtanais reatha in aon áit amháin, le treoirnótaí spriocdhírithe atá cabhrach go háirithe do ghnólachtaí beaga.

Téimid i gcomhairle go poiblí lena chinntiú go gcuireann ár gcur chuige rialála gach dearcadh ábhartha san áireamh. Foilsímid faisnéis atá úsáideach agus tairbheach dár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear athbhreithnithe téamacha, faisnéis faoi athruithe atá le teacht agus torthaí ár gcuid oibre. Bainimid úsáid as gnáth-Bhéarla chun inrochtaineacht na bpáirtithe leasmhara éagsúla a chinntiú. Déanaimid imeachtaí éagsúla a óstáil chomh maith, amhail comhchláir agus cruinniú faisnéise bliantúil do choistí iniúchóireachta, atá deartha chomh maith chun faisnéis úsáideach a sholáthar agus ionchais rialála a chur in iúl.

## An obair a chuireamar i gcrích in 2025

**Raon feidhme laghdaithe CSRD:** Agus sinn ag obair lenár gcomhghleacaithe san AE agus leis an Roinn, thacaíomar le cur chun feidhme na reachtaíochta chun cur chun feidhme CSRD a chur ar sos agus cúngú a raon feidhme ina dhiaidh sin. Leanamar ar aghaidh ag plé le gnólachtaí iniúchóireachta na hÉireann chun cur chuige rialála comhsheasmhach agus comhréireach a chinntiú.

**Forbraíodh clár oibre nua trí bliana:** Ag teacht le prionsabail um Rialáil Níos Fearr maidir le beartas eolasach, cinnteoireacht oscailte agus thrédhearcach agus rannchuidiú a lorg d'fhorbairt beartais, chuamar i gcomhairle go hinmheánach agus go seachtrach maidir lenár gclár oibre a fhorbairt, rud a cuireadh ar fáil don Aire go déanach in 2025. Sainaithnítear sa chlár na haschuir do ÚMICÉ do na trí bliana atá le teacht agus cuirtear cuid de na coincheapa riachtanacha maidir le Rialáil Níos Fearr leis chomh maith.

**Maoirseacht neamhriachtanach laghdaithe ar dhoiciméid bhunreachtúla CCA:** D'aithníomar nach raibh ról ÚMICÉ sa dlí chun gach leasú ar dhoiciméid bhunreachtúla a cheadú ina uirlis úsáideach ná riachtanach a thuilleadh le haghaidh rialála i bhfianaise forbairtí reachtaíochta agus beartais eile.  Agus sinn ag obair leis an Roinn, d'iarramar athbhreithniú ar an riachtanas seo. Mar thoradh air sin, leasaíodh reachtaíocht agus baineadh an ceanglas sin go substaintiúil in 2025.

**Feabhsuithe digiteacha ar ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara:** Thugamar isteach bota comhrá suímh gréasáin chun cabhrú le húsáideoirí freagraí a fháil go tapa. D'aistríomar malartú doiciméad le haonáin rialáilte chun suíomhanna SharePoint a dhaingniú. D'oibríomar le heintitis rialáilte chun feabhas a chur ar rochtain leictreonach ar fhaisnéis a theastaíonn dár maoirseacht. Rinneamar iniúchadh ar úsáid inmheánach na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí eile chun ár n-éifeachtúlacht a fheabhsú, i gcomhréir le treoirlínte rialtas na hÉireann maidir le húsáid fhreagrach na hintleachta saorga sa tseirbhís phoiblí.

**Treoir agus ceanglais nuashonraithe d'iniúchóirí:** Rinneamar athbhreithniú ar Chaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí chun an t-ualach riaracháin a bhaint d'eintitis a bhfuil liostuithe teicniúla acu ach nach ndéantar iad a thrádáil go poiblí, agus d'eisíomar *Coimre de Thuarascálacha Iniúchóireachta* nuashonraithe chun cabhrú le cleachtóirí iniúchóireachta beaga agus meánmhéide a gcuid seirbhíse a sheachadadh do chliaint.

**Nósanna imeachta airgeadais Simplithe:** WRinneamar ár bpróiseas fíoraithe bainc a shimpliú chun é a dhéanamh níos éasca agus níos tapúla do sholáthraithe agus do ghnólachtaí beaga eile dul i dteagmháil le ÚMICÉ gan cur isteach ar shlándáil phróisis.

D'fhorbair ÚMICÉ cultúr nuálaíochta leanúnaí chomh maith, lena gcuimsítear a ghníomhaíochtaí rialála agus tacaíochta seirbhíse araon. Ligeann na torthaí incriminteacha ón ngníomhaíocht seo dúinn ár n-ualach riaracháin a laghdú go hinmheánach agus go seachtrach, agus lean siad sin ar aghaidh in 2025.

I dteannta a chéile, laghdaigh na gníomhaíochtaí sin go léir an t-ualach sa chleachtas trí rannpháirtíocht mhaoirseachta níos spriocdhírithe a chumasú, trí thosaíocht a thabhairt do bhealaí digiteacha ar dtús, trí chomhréireacht a leabú síos tríd, agus trí éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú trí shimpliú leanúnach próiseas.

# Glossary

| | |
|---|---|
| AAPA | Clár Bliantúil Iniúchóireachta agus Tuarascáil ar Ghníomhaíocht |
| CCDC | Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte |
| An tAcht | Acht na gCuideachtaí, 2014 |
| CCI | Comhlachas na gCuntasóirí Idirnáisiúnta |
| APM | Tomhas Feidhmíochta Malartacha |
| AQS | Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúchóireachta Foireann |
| CIR | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid ÚMICÉ |
| An tÚdarás | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann |
| UFC | An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach |
| CCEFI | Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta |
| An Banc Ceannais | Banc Ceannais na hÉireann |
| An Chairt | Cairt an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca de chuid ÚMICÉ |
| ICCB | Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta |
| ICAPC | Institiúid Cairte an Airgeadais Phoiblí agus na Cuntasaíochta |
| An Cód | Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú |
| CRS | Maoirseacht ar Thuairisciú Corparáideach Foireann |
| CSRD | An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach |
| RFTF | An Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta |
| An Roinn/ RCPBASPD | An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin |
| OCS | Oifigeach Cosanta Sonraí |
| EFRAG | An Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais |
| ESMA | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí |
| ESRS: | Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta |
| AE | An tAontas Eorpach |
| FRC | An Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe |
| RGCS | Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí |
| GCT | Gáis Ceaptha Teasa |
| I&D | Imscrúdú agus Araíonacht |
| ÚMICÉ | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann |
| IAASB | An Bord Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Iniúchóireachta agus Dearbhaithe |
| IAS | Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta |
| ICCÉ | Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |

| | |
|---|---|
| IESBA | An Bord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Eitice do Chuntasóirí |
| IFIAR | Fóram Idirnáisiúnta na Rialtóirí Iniúchóireachta Neamhspleáiche |
| IFRS | Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais |
| ISAE | Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Dearbhú Iontaofachta |
| CIlnna | Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht |
| Eisitheoir | Eintiteas a thagann faoi shainchúram ÚMICÉ faoi na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007 |
| ISQM | Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Bainistíocht Cáilíochta |
| An tAire | An tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta |
| OSR | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| OOP | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| CCF | Comhlacht cuntasaíochta forordaithe |
| PCR | Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil |
| ELP | Eintiteas Leasa Phoiblí— eintitis a bhfuil urrúis acu atá liostaithe ar mhargadh rialáilte, institiúidí creidmheasa, agus gnóthais árachais |
| PSCAM | Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| CCA | Comhlacht cuntasaíochta aitheanta |
| Creat ábhartha tuairiscithe corparáideach | Corpas na gcaighdeán tuairiscithe corparáideach, na reachtaíochta, na gcód agus na rialacha a gceanglaítear ar eisitheoirí a chomhlíonadh agus a dtuarascálacha airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla á n-ullmhú acu |
| ÚFIÉ/SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SIC | Córas rialaithe inmheánaigh |
| TCA | Iniúchóir tríú tír |
| Rialacháin na Treorach um Thrédhearcacht | Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 (S.I. Uimh. 277 de 2007) (arna leasú) |

IAASA

Irish Auditing & Accounting Supervisory Authority

**Údarás Maoirseachta Iniúchta & Cuntasaíochta na hÉireann**
Teach na Sailí, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara W91 C6KT
+353 (0) 45 983 600     www.iaasa.ie